2	Thug m'athair an t-airgead dom ar iasacht.
3	Choigil mé an t-airgead ar feadh bliana.
4	Ní fhaca mé a leithéid aimsire riamh.
5	Rith tuilte thar an mbrú óige.
6	Bádh gluaisteán agus rothair ar na bóithre.
7	Chlúdaigh an t-uisce ár gcuid éadaigh sna málaí.
8	Scríos an t-uisce gach rud idir éadaí agus fhearas.
9	Lean an bháisteach ar feadh seachtaine.
10	Phléasc tóirneach anois is arís.
11	Shéid gála gaoithe an t-am go léir.
12	Fágadh puiteach ón uisce gach áit nuair a thit airde an uisce.
13	Loiteadh inneall an bhus.
14	Chaill mé mo sheinnteoir dlúthdhiosca.
15	Scríos an t-uisce m'uaireadóir.
16	Bhí orainn filleadh abhaile seachtain luath.

17	D'fhilleamar ar aerfort Chorcaí seachtain ó shin.
18	Bhí áthas orainn go léir teacht abhaile go tithe compordacha taréis fuacht agus fulaingt na saoire.

1	F	I paid €200 for the trip.
2	I	My father loaned me the money.
3	G	I saved the money over the year.
4	E	I never saw weather like it.
5	C	Floods ran by the youth hostel.
6	B	Cars and bikes were submerged on the roads.
7	L	The water covered our clothes in the bags.
8	M	The water destroyed both clothes and equipment.
9	K	The rain lasted a week.
10	O	Thunder rumbled now and then.
11	A	A gale blew all the time.
12	H	When the water level fell, there was mud left everywhere.
13	J	The bus engine was destroyed.
14	D	I lost my CD player.
15	N	The water destroyed my watch.
16	Q	We had to return home a week early.
17	R	We returned to Cork Airport a week ago.
18	P	We were all delighted to come home to comfortable houses after the cold and suffering of the holiday.

## AGALLAMH

(p.229)

Labhair mé le Liam Mac Stiofáin seachtain ó shin. Is iarscoláire é den scoil seo. D'fhág sé an scoil **fiche bliain ó shin**. Is duine é atá thar a bheith suimiúil. D'fhéadfá a rá gur duine cróga féinmhuinéach é. Thaistil se ar fud na cruinne ina aonair. D'oibrigh sé i réimse post. Chas sé le daoine spéisiúla ar a thurais. Gan amhras chonaic sé rudaí iontacha a

léimid fúthu i leabhair. D'fhreastal sé ar Scoil Eoin ar feadh sé bliana. Dar leis na múinteoirí a mhúin Liam, ba scoláire measartha, ciúin, béasach é. Dúirt an múinteoir corpoideachais go raibh sé leisciúil.

Rinne sé an ardeistiméireacht deich mbliana ó shin. **Díreach ina dhiaidh sin chuaigh sé don ollscoil.** Chaith sé **trí** bliana san ollscoil. Shocraigh sé ansin dul don Fhrainc. D'oibrigh sé mar **thógalaí** ann. Chaith sé bliain iomlán ann. Ina dhiaidh sin chuaigh sé don Éigipt agus don India. Thaitin an dá áit go mór leis. **Ba san Astráil a chaith Liam an t-am is faide.** D'oibrigh sé mar **rúnaí** ann agus chuir sé a chuid airgid i dtaisce. I ndeireadh na dála shroich sé Meiriceá. D'oibrigh sé ann mar thógalaí. D'oibrigh sé ann ar feadh cúig bliana go leith. Rinne sé an-chuid airgid. Chuir sé é i dtaisce. Cheannaigh sé gluasteán. Chonaic sé Hollywood agus thaistil sé ar fud na tíre. Dar ndóigh cheap sé gur thír iontach é. Chuir na radhairc tíre iontas air, go háirithe an Mississippi. Bhí aiféala air nach bhfaca sé an Rúis. Dar ndóigh táim cinnte go mbainfidh sé an ceann scríbe sin amach ar ball. Faoi láthair, áfach, tá an t-iarthaistealaí ar ais in Éirinn agus é go compordach anseo. Oibríonn sé mar thógalaí áitiúil.

## AGALLAMH

### Ceisteanna don duine

(p.229)

1	Cathain a thosaigh tú ag obair le RTÉ?
2	Cad iad na tréithe a theastaíonn dod' phost?
3	Cathain a thosaigh tú ag obair in oifig na haimsire i nGlasnaíon mar fhear aimsire?
4	Cad a cheapann tú faoin aimsir agus faoi théamh an phlainéid?
5	Cén t-ábhar ab fhearr leat ar scoil?
6	Cad a dhéanfaidh tú amach anseo?
7	An bhfuil brón ort gur thosaigh tú sa phost seo?

1	G	When did you start working with RTÉ?
2	F	What are the qualities needed for your job?
3	B	When did you start working in Glasnevin as a weather man?
4	E	What do you think of the weather and the warming of the planet?
5	D	What was your favourite subject in school?
6	C	What will you do in the future?
7	A	Are you sorry that you started this job?

### Freagraí

(p.230)

1	Thaitin eolaíocht agus matamaitic liom ar scoil.
2	Shocraigh mé eolaíocht a dhéanamh san ollscoil.
3	Lean mé ar aghaidh chun staidéar iarchéime a dhéanamh ar an aimsir.
4	Chonaic mé fógra sa nuachtán do phost san oifig aimsire.
5	Sheol mé iarratas isteach.
6	Fuair mé post páirtaimseartha ar dtús cúig bliana ó shin.
7	D'oibrigh mé leis na ríomhairí ag cur léarscáileanna na haimsire le chéile.
8	Chuaigh bean na haimsire ar pinsean dhá bhliain ó shin.
9	Bhí folúntas mar dhuine aimsire le RTÉ.
10	Tugadh an post domsa.
11	Táimid an-bhuartha faoi athrú na haimsire.
12	Ceapaim go mbeidh teocht na cruinne ag athrú.
13	Ba mhaith liom taighde a dhéanamh ar an aimsir in Éirinn.
14	Is aoibhinn liom an post seo. Dá mbeadh seans agam rud ar bith a athrú, ní athróinn faic.
15	Is post maith é agus tá an tuarastal ar fheabhas.

16	Cheap mé nach bhfaighinn an post mar bhí an iomaíocht an-ghéar dó.
17	Bhí agallamh fada agam.
18	Cuireadh ceisteanna deacra orm.

1	F	I liked science and maths in school.
2	C	I decided to do science in university.
3	B	I went on to do postgraduate study on the weather.
4	H	I saw a newspaper ad. for a job in the weather office.
5	I	I sent in an application.
6	D	I got a part-time job five years ago.
7	N	I worked with computers putting weather maps together.
8	A	A weatherwoman went on pension two years ago.
9	Q	There was a vacancy for a weatherperson with RTÉ.
10	M	I was given the job.
11	R	We are very concerned about the changing weather.
12	J	I think the temperature of the planet will change.
13	O	I would like to do research on the weather in Ireland.
14	G	I love this job. There is nothing I would like to change.
15	P	It's a good job and the salary is brilliant.
16	K	I thought I wouldn't get the job because the competition was very tough.
17	E	I had a long interview.
18	L	I was asked difficult questions.

## COMHRÁ

(p.232)

Máire: A Dhaid!

Daid: Sea, a Mháire.

Máire: Bhí mé ag smaoineamh faoin turas scoil i mbliana.

Daid: An raibh tú? Cá bhfuil an turas ag dul?

Máire: Go Ibiza.

Daid: Ag magadh fúm atá tú? Ibiza! Is áit uafásach í, lán le meisceoirí agus ní fios dom cad eile.

Máire: A dhaid! Níl sé mar sin ar chor ar bith. Beidh turas oideachasuil ar siúl ag an scoil ann.

Daid: Inis dom faoi.

Máire: Rachaimid chuig an iarsmalann agus don dánlann.

Daid: Ní dóigh liom go bhfuil turas don iarsmalann ró-dhona. Cé mhéad a chosnóidh sé?

Máire: €300.

Daid: Níl mise ag íoc as. €300, tá sé sin áiféiseach.

Máire: Íocfaidh mise as.

Daid: Bheul, inis dom conas a íocfaidh tú as?

Máire: Gheobhaidh mé post sa siopa i rith an tsamhraidh.

Daid: Ceart go leor, gheobhaidh tú post. Cathain a bheidh an turas ag dul?

Máire: I gceann míosa a bheidh sé ag dul.

Daid: Cá bhfaighidh tú an t-airgead mar sin?

Máire: D'fhéadfá iasacht airgid a thabhairt dom!

Daid: Cathain?

Máire: Bheul, níl mórán suíochán fágtha agus is é amárach an dáta deireanach do na hiarratais.

Daid: Amárach. Cé mhéad a theastaíonn uait amárach?

Máire: Teastaíonn €300 uaim.

Daid: Ní féidir leat.

Máire: A Dhaid, le do thoil, tabhair seans dom.

Daid: Seans! Cad a dhéanfaidh sibh san oíche ar an turas scoile seo?

Máire: Rachaimid ag damhsa gach oíche.

Daid: Ag damhsa! Nílím sásta le sin. Níl tú ag dul.

Máire: A Dhaid, beidh gach duine eile ag dul.

Daid: Ní theastaíonn uaim labhairt leat a thuilleadh. Imigh leat.

Máire: A dhaid, an féidir liom dul?

Daid: An bodhar atá tú? Imigh leat.

## COMHRÁ

(p.233)

### Ar son na Gréige

1	Is tír álainn í.
2	D'íocamar an t-airgead don tsaoire arú inné.
3	Bheadh spraoi, spórt agus craic agat ann.
4	Ní bhíonn braon báistí ann i rith an tsamhraidh.
5	Beidh do dheartháir agus do dheirfiúr ag teacht linn.
6	Rachaimid ag bádóireacht ar an bhfarraige.
7	Cuireann an t-óstán áiseanna tumadóireachta ar fáil do chách.
8	Tá linn snámha millteach mór acu.
9	Bíonn dioscó ar siúl acu chuile oíche.

1	B	It is a beautiful country.
2	F	We paid for the holiday the day before yesterday.
3	H	You would have fun, sport and craic there.
4	C	There is not a drop of rain there during the summer.
5	I	Your brother and sister will be coming with us.
6	G	We will go boating on the sea.
7	A	The hotel provides diving facilities for everyone.
8	E	They have a huge swimming pool.
9	D	They have a disco every night.



1	Bheadh sé ró-the.
2	Bhí mé ann anuraidh agus níor thaitin sé liom.
3	Ní raibh faic le déanamh agamsa.
4	Bhí sé leadránach.
5	Táim bréan de shaoire gréine.
6	Chonaic mé an iomarca iarsmalann.
7	Níl inti ach fothracha ársa agus an ghrian.
8	Chaithfinn an lá ar fad ina luí faoin ngrian.
9	Deir na saineolaithe go ndéanann an ghrian dochar don chraiceann.
10	B'fhearr gan dul chun mo chraiceann a chosaint ó ailse chraicinn.

1	I	It would be too hot.
2	E	I was there last year and I didn't like it.
3	D	I had nothing to do.
4	H	It was boring.
5	B	I am tired of sun holidays.
6	C	I saw too many museums.
7	J	There is nothing there but ancient ruins and the sun.
8	G	I would spend the whole day lying under the sun.
9	A	According to the experts, the sun damages the skin.
10	F	I would prefer not to go to protect my skin from skin cancer.

1	Nach bhfuil ciall ar bith agat?
2	Ní aontaím leat, ar chor ar bith.
3	Tóg go bog é, in ainm Dé.
4	Ní haon mhaith a bheith ag caint nuair atá an dochar déanta.
5	Ba chóir duit ciall a bheith agat.
6	Ní gá duit a bheith ag éirí crosta.
7	Bhuel, go dtachtaí an diabhal thú.
8	Ní theastaíonn uaim caint leat.
9	Ba chóir duit foighne a bheith agat.
10	Imigh leat go beo anois!
11	Níl tú cothrom.
12	Tá an tuairim sin seafóideach.
13	Níl sé fíor, níl an ceart agat.
14	An bhfuil cead agam dul leis na gasóga? Níl cead agat.
15	An féidir liom dul ag campáil?
16	A dhiabhail, cén fáth?
17	Tá tú dian agus níl tú cothrom.
18	Níl cead agat agus sin é.
19	An bodhar atá tú? Níl tú ag dul leis na gasóga.
20	Bíonn an port céanna uait i gcónaí.

1	O	Have you no sense?
2	N	I don't agree with you at all.
3	K	Take it easy, for God's sake.
4	G	There is no point crying over spilt milk.
5	A	You should have more sense.
6	H	There is no need to be getting cross.
7	P	Drop dead.
8	M	I don't want to talk to you.
9	B	You should be more patient.
10	D	Get out of here now!

11	J	You are not fair.
12	I	That idea is stupid.
13	R	That's not true. You are not right.
14	S	Can I go camping with the scouts? No, you can't.
15	L	Can I go camping?
16	E	Oh dear, why?
17	C	You are hard and unfair.
18	T	You can't, and that's it.
19	F	Are you deaf? You are not going with the scouts.
20	Q	You always say the same thing.

## SCÉAL

### Timpiste sa stoirm

(p.237)

1	Las splanc thintrí an spéir.
2	Bhuail an chaor crann ard darach.
3	Chuala mé pléascadh uafásach.
4	Thosaigh an crann ag scoilteadh.
5	Ró-dhéanach, thuig mé céard a bhí ag tarlú.
6	Shocraigh mé éalú.
7	Baineadh tuisle asam.
8	Shleamhnaigh mé sa phuiteach.
9	Thit an crann anuas i mo threo.
10	Cheap mé go raibh mo phort seinnte.
11	Lasc duilleoga agus craobhacha an chrainn mo chorp.
12	Rinne mé mo sheacht ndícheall ar theacht slán.
13	Streachail mé mé féin ar mo bhoinn.
14	Bhí mé bacach.
15	Shocraigh mé bacadaíl liom chuig teach mo charad.

1	D	Lightning lit up the sky.
2	C	The bolt of lightening hit a tall oak tree.
3	M	I heard a terrible explosion.
4	A	The tree started to crack.
5	L	I realized too late what was happening.
6	O	I decided to flee.
7	N	I tripped.
8	K	I slid in the mud.
9	B	The tree fell towards me.
10	H	I thought my time was up.
11	E	Leaves and branches whipped my body.
12	J	I struggled to get out.
13	I	I struggled to my feet.
14	F	I was lame.
15	G	I decided to limp to my friend's house.

### An stoirm

(p.238)

1		Réab gaoth aduaidh go fíochmhar tríd an spéir.
2		Ghluais scamail dhubha thar an ngealach.
3		Bhí sé ag caitheamh sceana gréasaí.
4		Dúluachar na mbliana a bhí ann.
5		Fliuchadh go craiceann mé.
6		Chnead na crainn faoi bhrú na gaoithe.
7		D'éirigh na duilleoga ina chuaifeach ag an ngaoth.
8		Mhóthaigh mé préachta leis an bhfuacht.

1	H	A north wind tore fiercely through the sky.
2	G	Dark clouds moved quickly across the moon.
3	D	It was raining cats and dogs.
4	C	It was the depths of winter.
5	F	I was soaked to the skin.
6	A	The trees groaned under the pressure from the wind.
7	B	Leaves swirled in the wind.
8	E	I felt perished with the cold.

1	Mhothaigh mé buartha.
2	Bhraith mé go raibh mí-ádh orm.
3	Mhothaigh mé i mbaol.
4	Bhris mé síos ag caoineadh.
5	Bhí mearbhall orm.
6	Thit an lug ar an lag agam.
7	Bhí inní an domhain orm.
8	Ghabh mé buíochas le Dia as teacht slán.
9	Bhí an teaghlach go léir imithe chuig cóisir agus bhí uaigneas orm.
10	Chuir torann na stoirme scanradh orm mar cheap mé go raibh an teach chun titim.
11	Bhí faitíos orm agus shocraigh mé an teach a fhágáil.

1	C	I was worried.
2	J	I felt I was doomed.
3	I	I felt myself in danger.
4	K	I broke down crying.
5	F	I was confused.
6	E	I was flabbergasted.
7	D	I was greatly concerned.
8	G	I thanked God for coming out safely.
9	A	The whole family had gone to a party and I was lonely.
10	B	The noise of the storm frightened me and I thought the house was going to fall.
11	H	I was afraid and decided to leave the house.

## Cabhair

(p.239)

1	Shroich mé teach mo charad.
2	Chnag mé go gasta ar an doras.
3	Cheap mé nach raibh éinne ann.
4	D'imigh an dóchas uaim.
5	Chas mé ar mo sháil.
6	Las an solas sa léibheann.
7	D'oscail athair mo charad an doras.
8	D'fháiltigh sé romham.
9	Chuir sé fios ar mo thuistí.
10	D'fhan mé ann don oíche.
11	Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an stoirm scanrúil sin.

1	F	I reached my friend's house.
2	D	I knocked on the door quickly.
3	H	I thought no one was there.
4	E	I lost hope.
5	I	I turned round.
6	A	A light was turned on on the landing.
7	K	My friend's father opened the door.
8	C	He welcomed me.
9	B	He contacted my parents.
10	G	I stayed there the night.
11	J	I will never forget that terrifying storm.

## AISTE

### Oscailt

(p.240)

1	Maireann an samhradh ó Bhealtaine go Lúnasa.
2	Is am iontach é.
3	Maireann an lá ó a cúig ar maidin go dtí a deich san oíche.

4	Ó thaobh aimsire de is am ar leith é.
5	Cuireann an réimse gníomhachtaí sa samhradh le sonas an ama seo.

1	E	The summer lasts from May to August.
2	C	It is a wonderful time.
3	B	The day lasts from five in the morning til ten at night.
4	A	As regards the weather it is a special time.
5	D	The range of activities in summer adds to the pleasure of this time.

### Corp na haiste

(p.241)

1	Aimsir
2	Geallann an lá sa samhradh.
3	Imíonn fuacht an gheimhridh.
4	Mothaíonn gach duine níos fearr leis an teas.
5	Snámhann daoine san fharraige alabhog.
6	Bíonn bláithchith anseo is ansiúd.
7	Luíonn daoine faoi sholas na gréine.
8	Cuireann an aimsir suaimhneas ar gach duine.
9	Tagann feabhas ar shláinte an phobail le teacht na haimsire maithe.
10	Spórt
11	Imrítear iomáint agus peil sa samhradh.
12	Bíonn cluichí craoibhe ar siúl an samhradh ar fad.
13	Tagann na sluaite le chéile i bPáirc an Chrócaigh agus i bPáirc Uí Chaoimh chun na cluichí móra a fheiceáil.
14	Tosaíonn comórtais spóirt i ndáiríre sa samhradh.
15	Bíonn leadóg ar siúl i Wimbledon.
16	Imríonn siad comórtas oscailte gailf i mí Iúil.
17	Tagann imreoirí cailila an domhain chun dul in iomaíocht lena chéile.

18	Go minic bíonn comórtas idirnáisinta ar siúl sa samhradh cosúil leis na Cluichí Oilimpeacha, an Corn Domhanda agus Craobh Luthchleasaíochta an Domhain.
19	Imríonn cosmhuintir na tíre an-chuid spóirt ag an am seo.

1	Q	The weather
2	M	The days brighten in summer.
3	L	The cold of winter goes away.
4	C	Everyone feels better with the heat.
5	H	People swim in the warm sea.
6	S	There is a light shower now and again.
7	J	People lie in the sun.
8	R	The weather makes everyone relaxed.
9	N	The health of the community improves with the coming of good weather.
10	G	Sport
11	E	Football and hurling are played in summer.
12	A	Championship games are played the whole summer.
13	B	Crowds come together in Croke Park and Páirc Uí Chaoimh to watch big matches.
14	I	Serious sport competitions begin in summer.
15	K	Tennis takes place at Wimbledon.
16	O	The open golf competition takes place in July.
17	D	Famous players from around the world come together to compete with one another.
18	F	Often there are international competitions in summer like the Olympic Games, the World Cup and the World Athletics Championships.
19	P	People around the country play a lot of sport at this time.



1	An timpeallacht
2	Fásann na plandaí.
3	Tagann na bláthanna go léir amach go flúirseach.
4	Bíonn réimse bia níos leithne ann.
5	Tagann fataí nua isteach sna siopaí.
6	Bíonn sú talún ar fáil chuile áit.
7	Laethanta saoire
8	Faigheann daltaí scoile a laethanta saoire.
9	Téann siad ar saoire thar sáile don Spáinn agus don Fhrainc.
10	Freastalaíonn siad ar chúrsaí i gcoláistí samhraidh sa Ghaeltacht.
11	Baineann siad sult as.
12	Bíonn am acu dá gcuid caitheamh aimsire.
13	Oibríonn siad go páirtaimseartha agus tuilleann siad airgead dóibh féin.

1	M	Environment
2	I	Plants grow.
3	L	Flowers bloom in abundance.
4	F	There is a wider range of food.
5	J	New potatoes come into the shops.
6	H	Strawberries are available everywhere.
7	K	Holidays
8	G	Students get their holidays.
9	C	They go on holidays abroad to France and Spain.
10	D	They go on courses to summer colleges in the Gaeltacht.
11	E	They enjoy it.
12	B	They have time for their hobbies.
13	A	They work part-time and earn money for themselves.

**Cuid A**

**An chéad chainteoir**

Aoife Ní Cheallaigh

1	Cár rugadh í?	Baile Átha Cliath.
2	Cá bhfuil a máthair ag obair?	Sa státseirbhís.
3	Scoil a deirféar?	Bunscoil Threasa.
4	Caitheamh aimsire amháin atá aici?	Rince Spáinneach.

**An dara cainteoir**

Seosamh Ó hÉir

1	Cad as dá athair?	Ó Ghort an Choirce i nGaeltacht Dhún na nGall.
2	An aimsir is fuath leis?	Aimsir ghaofar le gálaí.
3	A rogha gairme amach anseo?	Fear na haimsire.
4	Ábhar scoil is fuath leis?	Stair.

**An triú cainteoir**

Lúc Ó Maoláin

1	Cén aois é?	Sé bliana déag d'aois.
2	Cá bhfuil a dhaid ag obair?	I Sord.
3	An aimsir is fuath leis?	Aimsir fhuar gaofar.
4	Cá mbeidh sé ag dul ar saoire?	Don Iodáil.

## Cuid B

### Fógra a haon

1	Cé a rinne an fógra?	Oifig na haimsire.
2	Cad a tharlóidh tar éis lóin?	Brádán báistí.
3	Cad a tharlóidh anocht?	Tiocfaidh báisteach throm isteach ón Atlantach/ Titfidh báisteach throm.

### Fógra a dó

1	Cathain a thosóidh an cúrsa?	Ar an Luan seo chugainn.
2	Cad a bheidh ar fáil ar an gcúrsa ar maidin?	Ranganna Gaeilge do fhoghlaimeoirí.
3	Cad a tharlaíonn san oíche?	Seisiún ceoil agus damhsa traidisiúnta.

### Fógra a trí

1	Cé a rinne an fógra?	Na gardaí.
2	Cá bhfuil na tuilte?	I ndeisceart na tíre.
3	Cad a tharla i rith na hoíche?	Leagadh suas le céad crann i rith na hoíche.

## Cuid C

### Comhrá a haon

1	Cá raibh Seán ar saoire?	San Iodáil.
2	Conas a bhfuil a fhios ag Seán nach raibh Treasa ar saoire?	Tá a craiceann chomh bán le sneachta.
3	Cad a rinne Seán ar a shaoire?	Luigh sé faoin ngrian agus chuaigh sé ag snámh sa linn snámha/ag damhsa.

### Comhrá a dó

1	Cá raibh Lorcán le seachtain anuas?	Ina theach.
2	Cén fáth nach maith leis an aimsir sin?	Bíonn fiabhras léana air/Bíonn sé ag sraothairt/Sileann a shrón agus a sháile.
3	Cén sórt aimsire a bheidh ann amárach?	Aimsir fhliuch báistiúil.

### Comhrá a trí

1	Cén sórt aimsire atá ann?	Aimsir fhliuch.
2	Cén sórt aimsire a bheidh ann amárach?	Séidfidh gaoth fheannaideach fhuar aduaidh/sneachta.
3	Cá mbeidh Fionnuala ag dul?	Ar scoil.

## Cuid D

### Píosa a haon

1	Cathain a bheidh an turas ag imeacht?	Ag a seacht ar an Aoine.
2	Conas a bheidh siad ag dul don aerfort?	Ar bhus.
3	Conas a bheidh an aimsir ann?	Measartha te thart ar fiche céim Celsius.

### Píosa a dó

1	Cá bhfuil an obair?	TG4.
2	Cén cháilíocht a chaithfidh bheith ag an iarratasóir?	A bheith líofa sa Ghaeilge.
3	Cad é an spriocdháta do na hiarrtais?	An séa lá déag de mhí na Samhna.

### Píosa a trí

1	Cá mbeidh an bád ag dul?	Cill Rónáin.
2	Cad a tharlaíonn i rith drochaimsire?	Ní féidir leis an mbád seoladh i rith drochaimsire.
3	Cé dóibh an lacáiste?	Scólairí agus pinsinéirí.

## Caibidil 8

### Filíocht: Ceist 2 (mionstaidéar)

#### **AISLING LE BAIRTLE Ó BRÁDAIGH**

**Cuir na pictiúir thíos in ord de réir mar a oireann sé don dán.** (p.252)

- 1 D
- 2 F
- 3 G
- 4 A
- 5 E
- 6 B
- 7 C

**Cuir na habairtí seo a leanas san ord ceart chun scéal an dáin a insint.** (p.252)

1	Bhí sé ina shuí ina rang.
2	Bhreathnaigh sé amach an fhuinneog.
3	Chonaic sé éan gleoite.
4	Thug an múinteoir rabhadh dó.
5	Níor chuala sé tada.
6	Bhí sé ag brionglóidigh faoin bhfaoileán.
7	Shuigh sé féin agus an faoileán ar bharr na heaglaise.
8	Thug sé gach teach faoi deara.
9	Thaispeáin an faoileán a scoil dó.
10	Mhol an t-éan dó dul ar ais ar scoil.
11	Fuair sé pionós ón múinteoir mar bhí sé ag brionglóidigh.
12	Bhí air an líne seo a scríobh amach sé huaire: ‘Ní mór dom aire a thabhairt sa rang.’

**Líon isteach na bearnaí leis na focail thíos.** (p.255)

Bhí an **buachail** ina shuí sa seomra ranga. Níor chuala sé **tada** mar nach raibh sé ag éisteacht leis an múinteoir. Chonaic sé faoileán tríd an **bhfuinneog** ag eitilt san aer agus ag dul suas sa spéir ina aonar. Thosaigh sé ag brionglóideach faoin **bhfaoileán**. Thuig an múinteoir nach raibh sé ag tabhairt aire sa rang. Thug sé rabhadh **dó** nach mór dó aire a thabhairt sa rang. Níor **éist** sé leis. Lean sé ar **aghaidh** ag brionglóidigh. Chonaic sé féin agus an t-éan gleoite ag dul thar an **mbaile** ar a dhroim. Ansin **shuigh** sé féin agus an faoileán ar bharr na heaglaise. Thug sé gach teach faoi deara agus thaispeáin an faoileán a **scoil** dó. Mhol an t-éan dó dul ar **ais**. Fuair sé **pianós** ón múinteoir mar bhí sé ag brionglóidigh. Bhí air an **líne** a scríobh amach sé huaire.

**FEAR LASTA LAMPAÍ – GAILLIMH 1928 LE MAÍRTÍN Ó DIREÁIN** (p.257)

**Cuir na pictiúir san ord ceart.**

1, 4, 5, 2, 3

**Líon isteach na bearnaí i scéal an dáin leis na focail thíos.** (p.258)

An fear a bhí ag **lasadh** na lampaí, ní raibh sé mór nó dathúil. Bhí daoine drochbhéasacha ag **magadh** faoi os ard. Ach lean sé leis ag obair agus d'imigh sé suas na pollaí. Bhí an fear beag mar fhear **draíochta**. Bhí solas aige ina láimh. Bhí sé ag tógáil solais ó **lampa** go lampa. Lampaí gáis ab ea iad. Chuaigh an fear beag ó lampa go lampa chun an gás a lasadh. Cheap an slua go raibh cuma **aisteach** air. Ní raibh meas acu ar a chuid oibre. Cheap an file gur fear draíochta ab ea é mar go raibh sé in ann an tsráid a dhéanamh **geal**. Níor thaitin an **dream** a bhí ag magadh leis an bhfile. Ghlaoigh sé **cóip** orthu – muintir íseal gan mhúineadh. Níor chuir an magadh **isteach** ar an bhfear. Duine foighneach ab ea é. Lean sé air ag **obair** gan stró ar bith.

## REOITEOG MHARFACH *LE DÉAGLÁN COLLINGE*

**Cuir na pictiúir san ord ceart:** (p.261)

7, 1, 8, 3, 2, 4, 5, 6

**Cuir na habairtí san ord ceart chun scéal an dáin a insint.** (p.261)

1	Tharla eachtra tubaisteach.
2	Cheannaigh buachaill óg uachtar reoite ag veain a bhí ag díol uachtair reoite.
3	Bhí sé sceitimíneach mar bhí uachtar reoite ina láimh aige.
4	Thug sé neamhaird ar an trácht ar an mbóthar.
5	Rith sé amach ó chúl an veain.
6	Tháinig carr go tapa anuas an bóthair.
7	Bhuail an carr an buachaill.
8	Thit sé síos ar an talamh mar bhábóg éadaigh.
9	Maraíodh é ar an bpointe.
10	Tháinig an t-otharcharr.
11	Cuireadh é ar an sínteán agus d'imigh an t-otharcharr.
12	Thosaigh a mháthair ag screadaíl le sceon agus le huafás.

**Líon isteach na bearnaí i scéal an dáin leis na focail thíos.** (p.262)

Ritheann buachaill an-óg amach ar an **mbóthar** gan aire a thabhairt ar an trácht agus buaileann **carr** é: 'Sea, chuaigh tá de ruathar ó chúl an veain amach'. Is léir gur **maraíodh** é ar an bpointe mar thit sé i gcarnán mar bhábóg éadaigh. Tá an óige mar **théama** ann freisin. Bhí **sceitimíní** ar an mbuachaill nuair a cheannaigh sé an t-uachtar reoite. Bhí deifir air agus rith sé amach ar an mbóthar os comhair an chairr. Léiríonn sé neamhaire na hóige. Is é an ceacht atá ann ná a bheith cúramach ar an bóithre. Úsáideann an file iomhánna



cumhachta láidre chun **cur** síos a dhéanamh ar an eachtra uafásach. Léiríonn sé an mháthair ag **gol** go pianmhar sa dán. Is pictiúr an-láidir é seo. Tá tionchar ar leith ag an dá líne dheireanach nuair a thagraíonn sé don reoiteog a bhí brúite síos ar an talamh agus an páiste atá anois sa **chónra** bán sa talamh. Cruthaíonn na híomhánna seo atmaisféar **brónach** sa dán.

## **TIGH NUA LE SÉAN MAC FHEORAIS**

**Cuir na pictiúir san ord ceart.** (p.265)

4, 1, 2, 3

**Cuir na habairtí seo in ord.** (p.265)

Bhí an lanúin an-óg.

Bliain i ndiaidh a chéile tháinig páiste nua ar an saol.

D'oibrigh an bheirt acu go dian chun na páistí a chothú.

Ní raibh dóthain spáis acu sa teach beag don chlann mhór.

Chuir siad airgead i dtaisce, píosa i ndiaidh a chéile.

Ansin bhí dóthain acu chun teach breá mór a thógáil.

Ach ansin ní raibh sa teach ach an bheirt acu.

D'fhág na páistí iad chun dul amach sa saol.

**Líon isteach na bearnaí sa scéal.** (p.266)

Is dán deas simplí é seo faoi fhile ag cuimhne siar ar a **shaol**.

Déanann sé cur **síos** ar an lanúin óg, an file agus a bhean.

B'iad a bhean agus é féin. Bhí siad ag streachailt leis an saol

mar is gnách le lanúin nuaphósta. Bliain i ndiaidh a **chéile**

tháinig páiste nua ar an saol. Mhóthaigh siad sona **sásta** mar

cé nach raibh an teach sách mór dóibh bhí siad le chéile.

D'oibrigh an bheirt acu go dian chun na páistí a chothú. Ní

raibh dóthain spáis acu sa **teach** beag don chlann mhór. Chuir

siad **airgead** i dtaisce, píosa i ndiaidh a chéile. Thóg sé cuid

mhaith ama chun an t-airgead a choigilt. Ansin bhí dóthain

acu chun teach **mór** breá a thógáil. Faoin am sin thosaigh na

**páistí** ag imeacht. Diaidh ar **ndiaidh** ní raibh sa teach ach an bheirt acu. D’fhág na páistí iad chun **dul** amach sa saol.

## **CARTAÍ POIST LE LOUIS DE PAOR**

**Cuir na pictiúir san ord ceart.** (p.269)

6, 5, 4, 2, 1, 3

**Líon isteach na bearnaí.** (p.271)

Chuaigh an file ar **saoire** don Ghréig. Rinne sé cur síos ar an tír, an **timpeallacht** agus na radharcanna a chonaic sé. Chonaic sé na pictiúir seo agus **chuala** sé na fuaimeanna seo a leanas. Bhí an t-aer plódaithe le faoileáin ag **screadaíl** agus ag béicíl os cionn an bhád a bhí ar a bhealach isteach sa chuan. Chuala sé cloigíní na **ngabhar** ag bualadh i measc na gcrann. Shiúil seanbhean **cromtha** in éadaí dubha chuig an séipéal ag guí. Sheas an séipéal cois farraige le seanchlog **meirgeach** ag bualadh go tur ann. Cois farraige bhí leannáin ghriandóite ag siúl ag **éisteacht** leis an bhfarraige. D’imir seanfhear **ficheall** le buachaill óg i dteach tábhairne. Os cionn na farraige scríobh an file **cártaí** poist abhaile.

## Caibidil 9

### Prós: Ceist 2 (mionstaidéar)

#### PRÓS LITEARTHA – AN GADAÍ LE PÁDRAIG MAC PIARAIS

**Abair an bhfuil na habairtí seo a leanas fíor nó bréagach.**

(p.287)

1.	Bhí an ceathrar buachaillí ar an mbealach abhaile ón siopa.	<b>B</b>
2.	D’fhan Micilín ar an sconsa nuair a chuaigh Antaine agus Darach isteach sa ghairdín.	<b>F</b>
3.	Chuaigh siad isteach chun breathnú ar bhláthanna sa ghairdín.	<b>B</b>
4.	Ghoid Antaine an teach bábóige.	<b>B</b>
5.	Thug Antaine an bhábóg dá dheirfiúr Eibhlín.	<b>F</b>
6.	Bhí Eibhlín tinn sa leaba.	<b>F</b>
7.	Bhí sí lánsásta leis an mbronntanas.	<b>F</b>
8.	Bhí Antaine ag caoineadh le himní.	<b>B</b>
9.	Cheap Antaine go raibh a fhios ag gach duine gur ghoid sé an bhábóg.	<b>F</b>
10.	Ar scoil bhí sé compordach.	<b>B</b>
11.	Cheap sé go raibh a fhios ag an máistir scoile.	<b>F</b>
12.	Ar Aifreann thug an sagart seanmóir faoi ghadaíocht.	<b>F</b>
13.	Chodail sé go sámh.	<b>B</b>
14.	Lá amháin tháinig Neans ar cuairt chuig a theach.	<b>F</b>

15.	Bhí Antaine i bponc mar fuair siad go léir amach gur ghoid sé an bhábóg.	<b>B</b>
16.	Choimeád Neans an ghadaíocht faoi rún.	<b>F</b>

### Líon isteach na bearnaí leis na focail seo a leanas.(p.288)

Chríochnaigh an lá scoile. Ar an **mbealach** abhaile stop na buachaillí, Micilín, Darach, agus Antaine chun cainte. Shocraigh siad dul isteach i **ngairdín** an mháistir scoile. Bhí faitíos orthu go dtiocfadh sé abhaile ón scoil. D’fhan Antaine ar an sconsa chun **faire** dóibh. D’imigh an bheirt eile isteach chun breathnú ar na beacha sa ghairdín. D’fhéach Antaine ar an ngairdín. Chonaic sé teach bábóige agus bábóg álainn. Smaoinigh sé ar a dheirfiúr tinn sa bhaile. Chuirfeadh sí feabhas uirthi dar leis. Thóg sé an **bhábóg** agus chuaigh sé abhaile léi. Thug sé an bhábóg di. Dúirt sé gur **bhronntanas** í ó Neans, iníon an mháistir scoile.

An oíche sin bhí sé **buartha** ag smaoineamh faoin ghoid. An lá dar gcionn chuaigh sé ar scoil. D’fhiosraigh na buachaillí eile cúis a imeachta. D’fhreagair sé go raibh a mháthair á lorg. Bhí eagla an domhain air ar scoil. Cheap sé go raibh a fhios ag an máistir scoile. Bhí lá ar bís aige ar scoil. Sa bhaile bhí an leanbh ag cur **bisigh** ar Eibhlín. An oíche sin bhí drochbhrionglóid aige. Cheap sé go raibh na póilíní ina dhiaidh. Dhúisigh sé le scread. Ar an mbóthar cheap sé go raibh a fhios ag gach duine. Ag Aifreann an Domhnaigh thug an **sagart** seanmóir ar ghadaíocht. Níor éist sé leis.

Ansin lá amháin tháinig an mháistreas agus Neans ar cuairt. Bhí sé i **bponc**. Choimeád sé ciúin. D’fhéach sé síos ar a chosa. Ansin luaigh Eibhlín an bhábóg. Ghabh sí **buíochas** le Neans as ucht an bhábóg a thabhairt di. Bhí ionadh ar Neans. D’fhéach sí ar Antaine le **cineáltas**. Thug Neans a teach bábóige di freisin. Bhí Antaine slán agus buíoch di. D’inis sé an fhírinne do Neans ach ba chuma léi. Chuaigh sé ar **faoistine** agus mar mhaithiúnas bhí air an teach a sciúradh chuile sheachtain. Tháinig biseach iomlán ar

Eibhlín. Bhain sí an-sásamh as an teach. Bhí Antaine fíorbhuíoch de Neans go deo.

**Maidir leis na carachtair sa scéal seo pioc tréith a bhaineann leis as an ngreille thíos agus ansin pioc sampla a léiríonn an tréith sin.** (p.290)

<b>Carachtar</b>	<b>Tréithe/Mothúcháin</b>
Antaine	cliste
Antaine	brónach/náireach
Antaine	buíoch
Antaine	meargánta
Antaine	imníoch/buartha/faitíosach
Eibhlín	áthasach
Antaine	cróga
Neans	cairdiúil
Neans	cneasta
Neans	tuisceanach
Neans	aibí
Eibhlín	lag
Eibhlín	buíoch

## **PRÓS LITEARTHA – MISE ME FÉIN LE SÍLE NÍ CHÉILEACHAIR**

**Abair an bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach.** (p.296)

1	Bhí athair Aodha bocht.	<b>B</b>
2	D’oibrigh sé go crua don ardteist.	<b>F</b>
3	Chuaigh sé amach le Beítí don Debs.	<b>F</b>
4	D’éirigh go maith leis san ardteist.	<b>F</b>
5	Bhí Beítí ag obair mar bhanaltra.	<b>B</b>
6	Bhí athair Aodha caoga.	<b>B</b>
7	Ba mheisceoir é athair Bheítí.	<b>F</b>

8	Ba mhaith leis bheith ina ealaíontóir.	<b>F</b>
9	Bhí a athair sásta leis.	<b>B</b>
10	Bhí saol sona ag Beití.	<b>B</b>

**Líon isteach na bearnaí leis na focail seo a leanas.**

(p.297)

Bhí Aodh tar éis staidéar go crua don Ardteist agus ocht **n-onóir** a fháil. Ní raibh a athair sásta. Bhí a dheartháireacha Jeaic agus Muiris ag déanamh go maith. Rinne siad gach rud i gceart. Chuaigh siad ar ollscoil agus d'aimsigh siad poist mhaithe. Bhí Joe agus Mici **trioblóideach**. Bhí orthu an-chuid scrúduithe a dhéanamh dhá uair. Níor cheap Aodh gur bhain an méid sin leis. Eisean an duine ab óige sa chlann agus níor réitigh sé le héinne ach a dheirfiúr Máire. Thugadh sise cúpla punt dó agus ghlacadh sí a pháirt i gcoinne a **athar**.

D'inis athair Aodha dó nár thuig sé an seans a bhí aige. Bhí air post suarach a thógáil sa **státseirbhís** agus ní bhíodh airgead ar bith aige.

Bhíodh a mháthair á cheistiú i gcónaí. Bhí sé ocht mbliana déag d'aois. Cheap sí gur leanbh é. Bhí a mháthair leathchéad bliain d'aois. D'oibrigh sí sa teach. Dar leis bhí sí ceangailte don teach agus don athair. Bhí sé **seasca** bliain d'aois.

Beití an t-ainm a bhí ar chailín Aodha a bhí sa chéad bhliain san ollscoil.

Fuair Aodh sásamh as bheith ag déanamh rudaí lena dhá lámh. Níor theastaigh uaidh dul don ollscoil.

Ba fhuath leis dul i mbun staidéir ach choinnigh sé leis. D'éirigh leis san Ardteist. Bheadh **Beití** san ollscoil go ceann sé bliana. Cheap a hathair go mbeadh sí pósta go gairid agus go ndéanfadh post beag an gnó idir an dá linn. Bhí deontas ag Beití agus bhí **post** samhraidh aici. Ní raibh deontas ag Aodh mar bhí post maith ag a athair sa státseirbhís. Bhraith sé ar a thuismitheoirí, dá réir.

Thaitin rogha chiallmhar Bheití bheith ina macléinn **leighis** le athair Aodha. Ní raibh sé ró-shásta léi roimhe sin

nuair a chuala sé go raibh a hathair ina **mheisceoir** agus cónaí uirthi sna hárasáin.

Bhí Bill (cara Aodha) ag dul go dtí an *Debs* le Jane. Bhí Beítí cara le Jane, ag iarraidh páirtí. D'iarr Beítí ar Aodh í a thabhairt go dtí an rince agus chuaigh sé léi.

Bhí saol uafásach ag Beítí. Fuair a máthair bás nuair a bhí sí deich mbliana d'aois. Chaill a hathair a phost agus bhí siad bocht. Chaith siad seanéadaí. Bhí spéis aici sa leigheas mar chonaic sí go raibh gá le dochtúirí nuair a bhí a máthair tinn.

Bhí samhradh iontach ag Aodh agus ag Beítí le chéile. Ag deireadh an tsamhraidh chuaigh sise ar an **ollscoil** agus thosaigh Aodh ag staidéar don Ardeist. Fuair sé ocht n-onóir faoi dheireadh.

Ba mhaith le hAodh ealaín a dhéanamh tar éis na hArdteiste ach ní raibh a athair sásta leis. Dúirt sé go mba chóir dó leigheas nó **innealtóireacht** a dhéanamh. Dar leis go mbeadh fáinní á chaitheamh aige agus féasóg air dá ndéanfadh sé ealaín. Bheadh drugaí ann freisin, dar leis. Dúirt a athair nach raibh ann ach caitheamh aimsire agus nach raibh maireachtáil ann.

**Maidir leis na carachtair sa scéal seo pioc tréith a bhaineann leo as an ghreille thíos agus ansin pioc sampla den tréith sin.**

(p.298)

<b>Carachtar</b>	<b>Tréith/Mothúcháin</b>
Beítí	aibí, tuisceanach
Athair Bheití	aineolach
Athair Bheití	bocht
Máthair Aodha	buartha
Athair Aodha	caolaigeanta
Aodh	ceanndána
Athair Bheití	cineálta
Beítí	cliste
Aodh	deaslámhach
Máthair Aodha	dílis

Aodh	díograiseach díongbháilte
Beití	féinmhuinéach,
Beití	foighneach
Aodh	frustrachas
Deirfiúr Aodha	lách
Athair Bheití	meisceoir
Athair Aodha	míshásta
Beití	neamhspléach
Aodh	páistiúil
Athair Aodha	spriónlaithe

**PRÓS LITEARTHA – LEITE DHONNCHA PHEIG  
LEIS AN SEABHAC**

**Abair an bhfuil na habairtí thíos fíor nó  
bréagach.**

(p.305)

1	Bhí Neil go maith ag cócaireacht.	<b>B</b>
2	D'oibrigh sí go crua sa teach.	<b>F</b>
3	Bhí sí dearmadach.	<b>F</b>
4	Ní mó ná sásta a bhí a fear céile lena cócaireacht.	<b>F</b>
5	Ní raibh raic agus clampar sa teach mar gheall ar an drochleite.	<b>B</b>
6	Lá áirithe níor chuir gach duine sa chlann salann sa leite.	<b>B</b>
7	Cheap gach duine go mbeadh an leite blasta.	<b>F</b>
8	Lig Donncha scread déistin as nuair a d'ith sé spúnóg salainn.	<b>F</b>
9	Mhóthaigh Neil sásta.	<b>B</b>
10	Cheap Donncha go raibh an locht air.	<b>F</b>

**Líon isteach na bearnaí leis na focail seo a leanas.** (p.306)

Chónaigh Donncha Pheig agus a **bhean** bheag, a gclann Peats Donncha agus Máirín Dhonncha agus Neil Óg, le



chéile. Bhíodh buairt agus clampar ann. Ní foláir do Neil **leite** a dhéanamh gach tráthnóna. Bheadh sí róramhar nó róthanaí nó dhófaí ort í nó ní bheadh **salann** a dhóthain uirthi. Dhéanadh sí dearmad ar an salann. Nuair a thagadh Donncha agus a chlann isteach bhíodh ocras orthu agus mura mbíodh leite chuige gan mhoill bhíodh an scéal ina phraiseach. Mura mbíodh an salann sa leite thagadh **fearg** ar Dhonncha.

Bhí Donncha agus an chlann amuigh ar an ngort. Bhí Neil istigh. Nuair a bhí an dorchacht ag teacht fuair Neil corcán na leitean. Ansan chuimhnigh sí ar an salann. Chuaigh sí go dtí an chomhra agus thóg sí mám salainn as máilin. Chuir sí i **gcorcán** na leitean é. Tháinig Donncha agus lucht an ghoirt abhaile. Nuair a tháingadar don bhaile d'fhan Máirín agus Geanc i mbun an chapail agus na bprátaí. Chuaigh Donncha isteach. Bhí Neil agus Neil Óg ag crú na mbó. Chonaic Donncha an corcán leitean ar an tine. Chuaigh sé go dtí an chomhra agus thóg sé mám salainn as agus chaith anuas ar an leite é. Dhearg sé a phiopa ansan agus chuaigh amach i **bhfeighil** na bprátaí. I gcionn tamaill tháinig Máirín isteach chun í féin a théamh cois na tine. Chonaic sí an corcán. Phreab sí chun na comhrann agus d'oscail, agus **thóg** amach mám salainn agus chuir ar an leite é. Ní raibh aon solas i dtigh na bprátaí agus chuaigh Geanc isteach abhaile chun smut de choinneal a fháil. Chonaic sé an leite ar an tine. Chuir sé **mám** mór salainn sa leite. Fuair sé an **coinneal** agus seo amach arís leis. Bhí Neil Ní Dhálaigh sa chró agus í ag crú go breá réidh, nuair a chuimhnigh sí ar an gcorcán bhí ar an tine. D'iarr sí ar Neilín an leite a **shuaitheadh** go maith. Rinne sí agus bhí sí chun imeacht arís nuair a stad sí. D'oscail sí an chomhra agus fuair sí lán a doirn den salann agus chuir síos isteach sa chorcán é. **Chorraigh** sí an leite arís agus d'imigh sí chun na ba a shniogadh.

Tháinig bean an tí isteach agus thóg sí an corcán den tine. Tháinig Donncha isteach agus an chlann. Shuigh Donncha ag ceann an **bhoird** agus rug sé ar spúnóg mhór ina láimh. Chuir

Neil bhocht lán pláta di chuige. Ní raibh aon eagla chuici uirthi. Thóg Donncha lán spúnóige den leite. Lig sé ulfairt **as** nuair a scaoil sé an greim a bhí ina bhéal siar as an tslí.

Dúirt Donncha Pheig caint lasánta. D'imigh a misneach ar fad ó Neil bhocht agus chrom sí ar ghol. Tháinig a **chuimhne** do Dhonncha gur chuir sé féin salainn sa chorcán. Smaoinigh sé gurbh é féin a loit an leite. Ní dúirt sé é sin os ard. Cheap Geanc bocht gurbh é féin a mhill an leite. Níor lig Máirín ná Neil orthu go raibh aon eolas acu féin ar cad a d'imigh ar an leite. D'éirigh gach éinne go brónach ón mbord gan greim a bhlaiseadh, agus shuíodar cois na tine go neamhchainteach. Bhí Donncha ag machnamh go dian ar an scéal. Fé dheireadh labhair sé. Shocraigh sé éirí as an leite a ithe ar fad.

**Maidir leis na carachtair sa scéal seo pioc amach tréith a bhaineann leo as an ngreille thíos agus ansin pioc sampla a léiríonn an tréith sin.** (p.307)

<b>Carachtar</b>	<b>Tréithe/Mothúcháin</b>
Donncha	teasaí
Donncha	leisciúil
Donncha	ceandána
Donncha	leithleasach
Donncha	frustrachas
Donncha	drochbhéasach
Donncha	mífhoighneach
Donncha	magúil
Donncha	gránna
Donncha	míthuisceanach
Donncha	spleodrach
Donncha	míshásta
Neil	imníoch buartha
Neil	dearmadach
Neil	amaideach

**PRÓS LITEARTHA — DÍOLTAS AN MHADA RUA LE SEÁN Ó DÁLAIGH**

**Abair an bhfuil na habairtí thíos fíor nó bréagach.** (p.312)

Bhí iascaire ann ó Dhún Droma.	<b>F</b>
D'oibrigh sé ar fheirm bheag.	<b>F</b>
Chuaigh sé amach chun caoirigh a thiomáint abhaile.	<b>B</b>
Shiúil sé suas an cnoc tríd na páirceanna.	<b>F</b>
Stop sé agus shuigh sé síos.	<b>F</b>
Chonaic sé coinín.	<b>B</b>
Mharaigh an sionnach an giorria.	<b>F</b>
D'fhan sé i bhfolach don sionnach.	<b>F</b>
Bhéc an fear.	<b>F</b>
Lig an sionnach an giorria amach as a bhéal.	<b>F</b>
Phioc an fear an giorria suas.	<b>F</b>
Bhí an sionnach ag faire air.	<b>F</b>
Ghluais an fear anuas an cnoc.	<b>B</b>
Thosaigh sé ag bailiú caoraigh.	<b>B</b>
D'fhill sé abhaile.	<b>F</b>
D'ith sé an liamhás don dinnéar lena bhean.	<b>B</b>
Chuaigh sé amach ag iascaireacht sa bhád.	<b>F</b>
D'oibrigh sé leis féin ag glanadh agus ag ullmhú na n-iasc.	<b>F</b>

**Maidir leis na carachtair sa scéal seo, pioc tréith a bhaineann leo as an ngreille agus ansin pioc sampa a léiríonn an tréith sin.** (p.314)

<b>Carachtar</b>	<b>Tréith/Mothúchán</b>
Fear	amaideach
Sionnach	cruachróioch
Fear	díograiseach
A bhean	díograiseach
Sionnach	díoltasach
Sionnach	foighneach

Sionnach	glic
Fear	imníoch
Fear	leithleach
Fear	santach

### Líon isteach na bearnaí sa scéal thíos.

Bhí iascaire ann ó Dhún Chaoin. D'oibrigh sé ar **fheirm** bheag chomh maith. Bhí bó amháin, lachan agus géanna aige. Maidin amháin chuaigh sé amach chun an bó a thiomáint abhaile. Thosaigh a **bhean** ag bleán na ba. Ansin d'úsáid siad an bainne chun im a dhéanamh. Nuair a bhí an obair críochnaithe shiúil sé suas an cnoc tríd na páirceanna. Bhí sé ag cur allais go trom. Stop sé agus shuigh sé síos.

D'fhéach sé amach **trasna** na farraige ciúine. Chonaic sé sionnach thíos uaidh ag seilg. D'fhan an sionnach in aice le sceacha ag fanacht ar **ghiorria**. Chodail an giorria ann. Dhúisigh an sionnach an giorria. Chomh luath agus a dhúisigh an giorria rith sé as na sceacha. Léim an **sionnach** air. Mharaigh sé é. Shocraigh an fear ar phlean. D'fhan sé i bhfolach taobh thiar den chlaí in aice le bearna sa chlaí. Chomh luath agus a tháinig an sionnach tríd an mbearna, **bhéic** an fear. Lig an sionnach an giorria amach as a bhéal. Theith sé. D'imigh an sionnach go barr an chnoic. D'fhair sé air. Phioc an fear an giorria suas. Chuaigh sé abhaile.

Ar an mbealach abhaile thug sé faoi deara go raibh an sionnach **ag faire** air an t-am go léir. Dhruid sé an doras isteach chuig a bhean chéile. Chuir sé iontas uirthi an fear a fheiceáil leis an ngiorria. Thosaigh sí ag gáire nuair a chuala sí an scéal faoin sionnach. Ansin d'fhág an fear an teach. Bhí an sionnach **imithe** ón gcnoc. Ghluais an fear suas an cnoc. Shroich sé an portach agus thosaigh sé ag bailiú móna. Lig sé a scíth ina dhiaidh sin nuair a chríochnaigh sé an obair. Ar ball d'fhill sé abhaile. Sa bhaile d'ith sé an giorria don **dinnéar** lena bhean. Tamall ina dhiaidh sin chuaigh sé amach ag iascaireacht sa bhád. Go déanach an oíche sin tháinig sé ar

ais ón iascaireacht. D'oibrigh sé go cruá lena bhean ag glanadh agus ag ullmhú na n-iasc.

Chodail an bheirt acu déanach an mhaidin dar gcionn. Nuair a chuaigh an fear amach an doras bhí uafás air. Chonaic sé **cleití** agus clúmh thart timpeall air ach níor mhair lacha nó gé. Bhí an sionnach tar éis iad go léir a mharú.

## PRÓS LITEARTHA – *BANRÍON AN UAIGNIS*

**Abair an bhfuil na habairtí seo thíos fíor nó bréagach.**

(p.318)

1	Bhí an tIarla óg bocht.	<b>B</b>
2	Fear uaigheach a bhí ann.	<b>F</b>
3	Ba mhaith leis bean a phósadh.	<b>F</b>
4	Thaitin cailíní an cheantair leis.	<b>B</b>
5	Chonaic sé an cailín álainn ag fágáil an tsiopa.	<b>B</b>
6	D'iarr sé uirthi é a phósadh.	<b>F</b>
7	Bhí saol sona acu.	<b>F</b>
8	Bhí beirt mhac agus iníon acu.	<b>B</b>
9	Chuaigh sé go rásaí ar an Trá Bhán.	<b>F</b>
10	Bhuaigh sé duais chuile lá.	<b>F</b>
11	Tháinig sé abhaile le slua mór fear.	<b>F</b>
12	Nuair a chonaic a bhean iad, chuir sí fáilte rompu.	<b>B</b>
13	Bhí an tIarla croíbhriste nuair a léim a bhean isteach sa tobar.	<b>F</b>
14	Chlúdaigh loch uisce na páirceanna agus an caisleán.	<b>F</b>

**Líon isteach na bearnaí chun an scéal a insint.** (p.319)

Bhí **Iarla** óg saibhir ina chónaí ina aonair ag an gCarn Bhuí. Fear **uaigheach** a bhí ann. Ba mhaith leis **bean** a phósadh. Níor thaitin cailíní an **cheantair** leis. Dúradh go raibh cailín álainn ina cónaí in uaimh in aice an tobair gar dá chaisleán. Bhíodh sí le feiceáil ag dul fá choinne **uisce**. Níor chreid sé an scéal. Ach

bhí sé ag seoladh ba abhaile nuair a chonaic sé an cailín **álainn** ag fágáil an tobair. D'fhiafraigh sé a hainm is áit chónaithe di. D'fhreagair sí gur Banríon an Uaignis ab **ainm** di agus gurb as an gCarn Bhuí í. D'iarr sé uirthi dul leis féin. D'inis sí dó nach raibh **cead** aici fear a phósadh. Ní bheadh cead ag a fear céile aon chara leis a thabhairt abhaile. Shocraigh sé cur suas leis an uaigneas agus pósadh iad.

Bhí saol **sona** acu. Níor thug an tIarla éinne go dtí an **caisleán**. Bhí mac agus iníon acu. D'éirigh sé tuirseach den saol uaigneach. Bhí **capall** aige agus shocraigh sé dul leis go rásaí ar an Trá Bhán. Dúirt a bhean leis gan duine a thabhairt abhaile leis. Chuaigh sé chuig na **rásaí**. Mhair na rásaí trí lá agus bhuaigh sé **duais** chuile lá. Tháinig daoine a mholadh. Bhí amhras ar chuid acu go raibh **bean** aige. Dúirt an tIarla leo teacht leis chun í a fheiceáil. Rinne sé **dearmad** nach raibh cead aige. Nuair a tháinig na fir léim a bhean agus na páistí isteach sa **tobar**. Ní fhaca éinne iad arís. Bhí an tIarla croíbhriste. D'éirigh an **t-uisce** amach as an tobar. Chlúdaigh sé na páirceanna agus an caisleán le loch, Loch an Chairn Bhuí. Is féidir scáil an chaisleáin a fheiceáil san uisce. Bíonn trí **eala** bhána ag snámh ann. Chaith an tIarla a shaol leis féin ann. Bhí brón agus díomá air.

**Maidir leis na carachtair sa scéal seo pioc tréith a bhaineann leo agus ansin pioc sampla a léiríonn an tréith sin.** (p.320)

<b>Carachtar</b>	<b>Tréith/Mothúchán</b>
Iarla óg	amaideach
Iarla óg	brónach/náireach
Iarla óg	meargánta
Iarla óg	imníoch/buartha/faitíosach
Iarla óg	áthasach
Iarla óg	uaigneach
Iarla óg	cneasta
Iarla óg	lag

# Téipscript

## *Caibidil 1*

### **Cuid A**

#### **An chéad cainteoir**

Is mise Sorcha Ní Néill. Cónaím i Rann na Feirste i dTír Chonaill. Téim chuig an bpobalscoil áitiúil. Is aoibhinn liom í mar tá mo chairde go léir ann. Bailímid le chéile ag am lóin ag a haon, taobh amuigh den siopa. Bíonn ocras an domhain orm i gcónaí mar ní bhíonn tada le hithe agam ó thosach scoile ag a naoi ar maidin. Is aoibhinn liom a bheith i mo cheoltóir profaisiúnta amach anseo mar is aoibhinn liom ceol. Ceapaim go bhfuil Iníon Uí Nualláin ar fheabhas mar mhúinteoir. Is fuath liom eolaíocht agus matamaitic mar nílim go maith chucu.

#### **An dara cainteoir**

Is mise Niall Mistéalach. Cónaím i mbungaló ar Oileán Acla, Co. Mhaigh Eo. Rugadh mé sa teach seo. Téim chuig scoil na mBráithre sa bhaile mór. Is scoil bheag í le trí chéad dalta. Ní maith liom í mar tá sí sean agus beag. Is fuath liom an Luan mar bíonn an lá fada ar scoil. Bíonn eolaíocht agus eacnamaíocht bhaile agam ar an lá sin. Is fuath liom na hábhair sin. Ní maith liom eolaíocht mar tá boladh lofa ón saotharlann eolaíochta. Is fuath liom tíos mar nílim go maith chuige. Is aoibhinn liom ealaín mar tá an múinteoir sármhaith. Buíochas le Dia, críochnaíonn an lá ag a ceathair!

#### **An triú cainteoir**

Is mise Colm Ó Briain. Cónaím i bhFionntrá, Ciarraí. Téim chuig Scoil Bhreandáin sa Daingean. Táim sa triú bliain. Is

fuath liom Béarla mar bíonn an iomarca léitheoireachta le déanamh againn. Ní maith liom a bheith ag léamh. Is aoibhinn liom stair agus táim go maith chuici agus ba mhaith liom bheith i mo scríbhneoir staire nó seandálaí. Buíochas le Dia, tá laethanta saoire na Cásca ag teacht. Is aoibhinn liom an Cháisc agus an tseacláid a fhaighim.

## **Cuid B**

### **Fógra a haon**

Seo fógra ó Scoil Choilm. Ba mhaith leis an scoil duine nua a earcú mar mhúinteoir tíreolaíochta. Tá post amháin i gceist. Don té a cheapfar sa phost tosóidh an obair ag tús na bliana seo chugainn, ar an dara lá is fiche d'Eanáir. Post páirtaimseartha a bheidh ann. Beidh an té a cheapfar ag obair i gCois Fharráige, i nGaeltacht na Gaillimhe. Is é an tríochadú lá den mhí seo, an lá deireanach do na hiarratais.

### **Fógra a dó**

Seo fógra ó phríomhoide na scoile. Ba mhaith liom a fhógairt go mbeidh an bus scoile ag imeacht ag cúig chun a haon, is é sin, i gceann cúig bhomaite. Tá sé déanach mar bhí timpiste ann. Tá an tiománaí ag fanacht sa bhus anois ag geata na scoile. Caithfidh sé imeacht go luath leis an bhfoireann nó beidh siad déanach don chluiche.

### **Fógra a trí**

Seo fógra ó leasphríomhoide na scoile. Ba mhaith liom a fhógairt go mbeidh an scoil ag críochnú ag cúig chun a haon déag inniu, is é sin, i gceann cúig nóiméad. Ní bheidh ach trí uair a chloig againn ar scoil inniu, mar sin. Níl teas na scoile ag obair inniu. Amárach beidh sé ag obair arís. Tosóidh ranganna ag a deich. Ná déanaigí dearmad go mbeidh cruinniú tuistí ann oíche Dé hAoine.



## **Cuid C**

### **Comhrá a haon**

Seán: Heileo!

Siobhán: Siobhán anseo.

Seán: Dia duit, a Shiobháin, tá sé beagnach a haon ar maidin. Goidé atá uait?

Siobhán: Tá brón orm, a Sheáin. Rinne mé dearmad glan. An bhfaca tá an fógra sa halla?

Seán: Ní fhaca, a Shiobháin. Goidé a bhí ann?

Siobhán: Fógra don rang staire a bheidh ann tar éis lóin inniu.

Seán: Is aoibhinn liom stair. Goidé a bhí ann?

Siobhán: Is í an t-ábhar is fearr liomsa freisin. Dúirt an fógra go raibh téacsleabhar nua ag teastáil don rang.

Seán: A dhiabhail, níl an téacsleabhar faighte agam go fóill.

Siobhán: Ba chóir duit nóta a fháil ó do mháthair.

Seán: Déanfaidh mé anois é. Goidé eile atá againn tar éis lóin?

Siobhán: Beidh eolaíocht agus Fraincis againn.

Seán: Is fuath liom Fraincis.

Siobhán: Ní maith liomsa í ach an oiread.

Seán: Is teanga aisteach í.

Siobhán: Aontaím leat.

Seán: Caithfidh mé dul a chodladh anois nó beidh mé traochta ar maidin. Feicfidh mé tú ar scoil.

Siobhán: Slán agat.

Seán: Slán leat.

### **Comhrá a dó**

Micheál: Heileo!

Siobhán: Siobhán anseo.

Micheál: Dia duit, a Shiobháin, céard atá uait?

Siobhán: Tá scéal agam faoin rang eolaíochta amárach ag a dó. Ach tá ceist agam ar dtús.

Micheál: Ar aghaidh leat.

Siobhán: Bheul, a Mhichíl, an bhfuair tú do thorthaí eolaíochta go fóill?

Micheál: Fuair. Bhí mo thuistí lánsásta.

Siobhán: Conas ar éirigh leat?

Micheál: D'éirigh go breá liom. Ghnóthaigh mé nócha fán gcéad sa scrúdú.

Siobhán: Is é sin an marc is fearr sa rang.

Micheál: Dar ndóigh, is é an t-ábhar is fearr liom. Conas ar éirigh leatsa?

Siobhán: Fuair mé fiche fán gcéad. Is mise an duine is measa as an gceathrar is fiche sa rang.

Micheál: Ná bí buartha. Rachaidh tú i bhfeabhas. Cén fáth ar ghlaigh tú orm?

Siobhán: D'athraigh an príomhoide an rang eolaíochta. Tá an rang eolaíochta sa saotharlann nua as seo amach.

Micheál: Go hiontach!

Siobhán: Caithfidh mé imeacht mar tá duine éigin ag an doras.

Micheál: Slán.

Siobhán: Slán agat.

### **Comhrá a trí**

Seosamh: Heileo!

Síle: Síle anseo.

Seosamh: Dia duit, a Shíle, céard atá uait?

Síle: Tá scéal agam faoin scoil.

Seosamh: Inis dom.

Síle: Bheul, a Sheosaimh, tá a fhios agat go raibh cluiche haca ann idir Clochar na Trócaire agus Pobalscoil na Cille inné?

Seosamh: Ní raibh a fhios agam. Cé a bhuaigh?

Síle: Muidne. B'é an scór Pobalscoil na Cille a trí i gcoinne a haon.

Seosamh: Comhghairdeachas!

Síle: Go raibh maith agat. Is í Bean Uí Chorráin an múinteoir spóirt is fearr sa scoil. Is traenálaí iontach í. Inis dom, ní raibh mé sa rang adhmaadóireachta inniu. Ar thug an tUasal de Bláca na torthaí amach?

Seosamh: Thug. Ná bí buartha.

Síle: Cad a fuair mé?

Seosamh: Rinne tú go hiontach, fuair tú B.

Síle: Tá mé an-sásta leis sin. Is í an adhmaadóireacht an t-ábhar is fearr liom.

Seosamh: Is maith liomsa adhmaadóireacht freisin ach tá drochscéal agam duit. Beidh scrúdú tíreolaíochta againn amárach.

Síle: Go bhfóire Dia orm. Tá mo chuid nótaí go léir ar scoil.

Seosamh: Tar anall chugamsa agus déanfaimid ár gcuid staidéar le chéile.

Síle: Táim fíorbhuíoch díot. Beidh mé leat ar ball beag. Slán agat.

Seosamh: Slán leat.

## **Cuid D**

### **Píosa a haon**

Beidh lá oscailte ag Clochar na Toirbhirte amárach. Is féidir le tuismitheoirí le páistí os cionn dhá bhliain déag d'aois iad a chur chun na scoile seo. Beidh taispeántas ealaíne, díospóireacht agus cluichí ar siúl ar maidin. San oíche beidh ceolchoirm sa halla spóirt. Tá an clochar lonnaithe ar imeall an bhaile mhóir in aice na habhann. Tá ocht gcéad go leith daltaí ag freastal ar an scoil faoi láthair. Is féidir an taispeántas ealaíne a fheiceáil i halla an phobail an tseachtain ar fad.

### **Píosa a dó**

Tá Tomás Ó Sé ag dul ar pinsean an bhliain seo chugainn. Is múinteoir é i gColáiste Pobail Loch Garman le daichead bliain anuas. Is scoil mhór í anois le míle dalta. Múineann sé ceimic agus eolaíocht sa scoil. Tá suíomh nua ag an scoil in aice na farraige ar imeall bhaile Loch Garman. Tar éis daichead bliain ag obair ón a naoi ar maidin go dtí a ceathair san iarnóin beidh Tomás ag fágáil slán leis an scoil. Beidh brón ar chuile dhuine.

## **Píosa a trí**

Beidh lucht na dara bliana ó Choláiste Éanna ag dul ar thuras scoile ar an gcúigiú lá is fiche den mhí seo. Is meánscoil do bhuaichaillí í i ndeisceart Bhaile Átha Cliath. Beidh an turas ag dul don Fhrainc ar feadh cúig lá. Daichead dalta ar fad a bheidh ag dul. Chífidh siad an Túr Eiffel agus iarsmalann cháiliúil an Louvre.

## *Caibidil 2*

### **Cuid A**

#### **An chéad chainteoir**

Is mise Sorcha Ní Ghallchóir. Táim ceithre bliana déag d'aois. Cónaím i dteach scoite ar fheirm i dTír Chonaill. Rugadh mé i Sligeach san oispidéal réigiúnach. Oibríonn mo dhaid sa chomhairle chontae mar oifigeach. San iarnóin tagann sé abhaile agus tosaíonn sé ag obair ar an fheirm. Ní bhíonn am ag mo mháthair cabhrú leis mar is múinteoir í sa bhunscoil. Bíonn sí an-ghnóthach. Is mise an duine is óige sa chlann. Tá deirfiúr amháin agam. Nuala is ainm di. Oibríonn sí mar chuntasóir i nGaillimh. Is fuath liomsa uimhreacha. Oibrím féin sa siopa áitiúil ar an Satharn. Is aoibhinn liom é. Buailim le muintir na háite ann. Is fearr liomsa spórt agus ceol, go háirithe, eitpheil agus rac. Imrím ar fhoireann na scoile. Éistim le rac ar mo sheinnteoir diosca agus seinnim an giotár. Ba mhaith liom a bheith i mo cheoltóir profaisiúnta amach anseo.

#### **An dara cainteoir**

Is mise Niall Bhreathnach. Táim cúig bliana déag d'aois. Cónaím i mbungaló ar imeall chathair na Gaillimhe. Rugadh mé sa teach seo. Oibríonn mo dhaid sa chathair mar thiománaí

bus. Ar maidin tosaíonn sé ag obair ar a seacht. Is fáilteoir í mo mham san óstán áitiúil. Bíonn sí an-ghnóthach.

Is mise an dara duine is sine sa chlann. Tá Fearghus bliain is fiche d’aois agus oibríonn sé mar mheicneoir sa gharáiste áitiúil. Is fuath liom innill mar bíonn siad salach. Is aoibhinn leis an salachar agus an obair. Tá deirfiúr amháin agam. Caitriona is ainm di. Freastalaíonn sí ar an mbunscoil síos an bóthar uainn. Oibrím féin sa sráidbhaile i mbialann in aice linn ar an Satharn. Is fuath liom é ach is aoibhinn liom an t-airgead. Is maith liomsa teilifís agus peil, go háirithe, foireann na Gaillimhe agus Hiudaí. Imrím ar fhoireann na scoile. Ba mhaith liom a bheith i mo pheileadóir amach anseo.

### **An triú cainteoir**

Is mise Colm Ó Sé. Táim sé bliana déag d’aois. Cónaím i dteach sraithe i gCaisleán Graire, i gCiarraí. Rugadh mé ann. Oibríonn mo dhaid i dTrá Lí mar innealtóir. Ar maidin tosaíonn sé ag obair ar a naoi. Is dochtúir í mo mham san otharlann. Bíonn sí an-ghnóthach. Is mise an dara duine is óige sa chlann. Tá Rebecca cúig bliana is fiche d’aois agus oibríonn sé mar ailtire i gCorcaigh. Tá deartháir amháin agam. Culainn is ainm dó. Freastalaíonn sé ar an ollscoil i Luimneach. Tá post páirtaimseartha aige i dteach tábhairne mar fhreastalaí. Oibrím féin san ionad siopadóireachta i dTrá Lí ar an Satharn. Ó Luan go hAoine freastalaím ar Mhéanscoil na mBráithre Críostaí i dTrá Lí. Is maith liomsa eolaíocht, go háirithe, leictreachas agus innill. Imrím ar fhoireann na scoile. Ba mhaith liom a bheith i mo leictreoir amach anseo.

## **Cuid B**

### **Fógra a haon**

Seo fógra ó Iasc Mara Teoranta. Bunaíodh an comhlacht seo dhá bhliain ó shin i gCarna. Tá cúigear ag obair ann faoi láthair. Ba mhaith leis an gcomhlacht, Iasc Mara Teoranta, breis daoine a fhostú mar innealtóirí. Tá dhá phost i gceist.

Tosaíonn an pá ag tríocha míle euro sa bhliain agus ardaíonn sé go daichead míle euro. Don té a cheapfar sa phost tosóidh an obair ag deireadh na míosa agus beidh an post lonnaithe i gCarna.

### **Fógra a dó**

Seo fógra ó TG4. Ba mhaith leis an gcomhlacht daoine nua a earcú mar láithreoirí. Tá dhá phost i gceist. Tosaíonn an pá ag fiche míle euro. Don té a cheapfar sna poist tosóidh an obair ag tús na bliana seo chugainn ar an dara lá is fiche d'Eanáir. Poist pháirtaimseartha a bheidh iontu. Beidh na daoine a cheapfar ag obair sa cheannáras i mBaile na hAbhann ar feadh bliana. Maireann an lá oibre ó a hocht ar maidin go dtí a naoi san oíche. Is fostóir comhionannais é TG4. Is é deireadh na míosa an triochadú lá de Mheitheamh an lá deireanach do na hiarratais.

### **Fógra a trí**

Seo fógra ó gharáiste Uí Néill. Tá an garáiste ag lorg meicneoir, nó duine óg ar mian lei nó leis a bheith ina mheicneoir. Tá post amháin i gceist. Tosaíonn an pá ag cúig mhíle is fiche euro sa bhliain. Don té a cheapfar sa phost tosóidh an obair ag tús na seachtaine seo chugainn ar an gcúigiú lá is fiche den mhí seo. Post lánaimseartha a bheidh ann. Beidh an té a cheapfar ag obair sa gharáiste ó a hocht ar a maidin go dtí a cúig san iarnóin. Is í an Aoine seo an lá deireanach do na hiarratais.

## **Cuid C**

### **Comhrá a haon**

Eimhir: An bhfaca tú an fógra sa nuachtán *Foinse*, a Sheáin?

Seán: Ní fhaca, a Eimhir. Céard a bhí ann?

Eimhir: Fógra do fholúntas sa chomhlacht Aer Árainn.

Seán: Aer Árainn! B'aoibhinn liom dul ag obair leo.

Eimhir: Ba mhaith liomsa freisin, mar phiolóta.

Seán: Taispeáin dom an fógra.

Eimhir: Sin é.

Seán: Dar le seo, tá poist acu do dhaoine ar mhaith leo bheith ina bpiolótaí agus tá pá de dhaichead míle euro sa bhliain i gceist.

Eimhir: Táimse chun iarratas a chur isteach.

Seán: Mise freisin.

Eimhir: Cad eile a deir an fógra?

Seán: Dar leis go mbeidh an traenáil go léir i nGaillimh. Mairfidh an traenáil bliain go leith. Tá matamaitic agus eolaíocht riachtanach don phost, agus tá Gaeilge dar ndóigh.

Eimhir: Poist lánaimseartha a bheidh iontu freisin, a Sheáin.

Seán: Táimse chun m'iarratas a chur isteach láithreach. Céard fútsa?

Eimhir: Mise freisin.

Seán: Slán agat.

Eimhir: Slán leat.

## **Comhrá a dó**

Siobhán: Dia duit, a Lúc.

Lúc: Dia is Muire duit, a Shiobháin.

Siobhán: Ní fhaca mé tú le fada. Cá raibh tú?

Lúc: Tá post nua agam.

Siobhán: Cá bhfuil tú ag obair?

Lúc: Oibrím sa teach tábhairne.

Siobhán: Cén ceann?

Lúc: Teach tábhairne Uí Laoire.

Siobhán: Cathain a thosaigh tú ann?

Lúc: Thosaigh mé mí ó shin. Faighim cúig euro caoga cent san uair.

Siobhán: Níor mhaith liomsa a bheith ag obair i dteach tábhairne. B'fhéarr liom mo phost sa siopa nuachtán.

Lúc: Tá an t-airgead níos fearr sa teach tábhairne, cúig euro caoga cent san uair.

Siobhán: An bhfuil do thuismitheoirí sásta leis?

Lúc: Tá siad sásta leis an airgead ach níl siad ró-shásta le cúrsaí scoile.

Siobhán: Cén fáth?

Lúc: Tá m'obair scoile ag éirí níos measa.

Siobhán: Cad a cheapann siad faoi?

Lúc: Tháinig litir abhaile ón múinteoir Fraincise ag gearán faoi dhrochthoradh a fuair mé.

Siobhán: Cad a dhéanfaidh tú?

Lúc: Éireoidh mé as an bpost muna bhfeabhsóidh na torthaí. Slán agat.

Siobhán: Slán leat.

### **Comhrá a trí**

Síle: Dia duit, a Fhiachra.

Fiachra: Dia is Muire duit, a Shíle.

Síle: Buíochas le Dia, tá an samhradh linn.

Fiachra: Tá post páirtaimseartha agam do na laethanta saoire.

Síle: Cá bhfuil sé?

Fiachra: San ionad siopadóireachta.

Síle: Cén siopa?

Fiachra: An siopa éadaigh.

Síle: Cathain a thosóidh tú ann?

Fiachra: Tús na míosa seo chugainn. Gheobhaidh mé sé euro caoga cent san uair mar oibrí.

Síle: Ba mhaith liomsa jab a fháil ann.

Fiachra: Tá an t-airgead ar fheabhas, sé euro caoga cent san uair.

Síle: An bhfuil folúntas fágtha, meas tú?

Fiachra: Níl a fhios agam. Cuir glao ar an siopa.

Síle: An bhfuil an uimhir ghutháin agat?

Fiachra: Seo í, 609 569327.

Síle: Cuirfidh mé glao orthu láithreach.

Fiachra: Slán agat.

Síle: Slán leat.



## **Cuid D**

### **Píosa a haon**

Tá post páirtaimseartha le fáil le Raidió na Life, do dhéagóir os cionn ceithre bliana déag d’aois agus faoi bhun naoi mbliana déag d’aois. An cineál oibre atá i gceist ná cabhrú le beirt chraoltóirí eile, Liam ó Néill agus Sinéad Ní Cheallaigh. Thosaigh an bheirt acu ag obair mar chraoltóirí anuraidh. €4.78 san uair an pá a bheidh ar fáil. Post bliana a bheidh ann ag tosú ar an Luan, an tríú lá de Mhárta. Dé Domhnaigh an lá deireanach chun cur isteach ar an bpost seo. Caithfear gach iarratas a sheoladh chuig Raidió na Life, Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

### **Píosa a dó**

Tá post páirtaimseartha le fáil in Ollmhargadh Uí Néill, do dheagóir os cionn ceithre bliana déag d’aois agus faoi bhun naoi mbliana déag d’aois. An cineál oibre atá i gceist ná cabhrú le beirt eile, ag líonadh seilfeanna agus ag glanadh urlár. €4.78 san uair an pá a bheidh ar fáil. Dé Domhnaigh an lá deireanach chun cur isteach ar an bpost seo. Tá ollmhargadh Uí Néill suite san ionad siopadóireachta i lár na cathrach i Luimneach.

### **Píosa a trí**

Osclóidh an comhlacht éadaigh, Geansaí Chiarraí Teoranta, monarcha nua sa Daingean, i gCiarraí, amárach. Déanfar gach cineál geansaithe ann agus beidh caoga euro ar gach geansaí. Tríocha duine a bheidh ag obair ann i dtosach, ag fáil deich euro san uair. Daoine le taithí oibre os cionn fiche bliain d’aois atá ag teastáil. Tá súil acu an líon daoine a mhéadú amach anseo. Is é an tAire Mícheál Ó Cuív a dhéanfaidh an oscailt oifigiúil.

## *Caibidil 3*

### **Cuid A**

#### **An chéad chainteoir**

Is mise Sorcha Ní Chonchúir. Rugadh mé i nGort a'Choirce ach tá cónaí orm i Rosmuc. Is í an áit a rugadh agus a tógadh m'athair. Oibríonn mo mham in otharlann mar chúntóir. Ag an deireadh seachtaine oibrím i siopa poitigéara i gCarna. Níl ach deirfiúr amháin agam. Síle is ainm di. Oibríonn sí mar phoitigéir i mBaile Átha Cliath. Tá otharlann in aice leis an teach chomh maith le hollmhargadh. Ba mhaith liomsa a bheith i mo bhainisteoir ollstóir. Is é cóc an deoch is fearr liom.

#### **An dara cainteoir**

Is mise Liam Ó Ruairc. Táim i mo chónaí i Sligeach. Rugadh mé i dTír Chonaill. Is as Maigh Eo m'athair agus mo mháthair. Is mise an duine is óige sa chlann. Tá deirfiúr amháin agam. Oibríonn sí mar dhochtúir in ospidéal na Gaillimhe. Is máinlia é m'athair in ospidéal Shligigh. Bhí timpiste uafásach agam nuair a bhí mé cúig bliana d'aois. Bhuail carr mé agus briseadh mo dhá chos agus gortaíodh mo ghualainn. Tá feabhas orm anois. Oibríonn m'aintín mar bhanaltra sa Ghearmáin. Is fearr liom uachtar reoite ná aon bhia eile.

#### **An triú cainteoir**

Is mise Nuala Nic Dhiarmada. Cónaím i dteach scoite i gcathair Chorcaí. Níl ach deirfiúr amháin agam. Tá cúrsa leighis ar siúl aici i mBaile átha Cliath. Fanann sí ann faoi láthair. Oibríonn sí i siopa poitigéara go páirtaimseartha. Oibríonn mo dhaid i mBialann na Mara mar chócaire agus oibríonn mo mháthair leis mar fhreastalaí. Is fearr liom bialann mo dhaid ná aon bhialann eile. Tá na héisc i mBialann na Mara níos fearr ná in aon áit eile. Is fuath liom an Satharn. Bíonn orm oibriú le m'athair sa bhialann.

## **Cuid B**

### **Fógra a haon**

Beidh Díolachán Saothair ar siúl i halla an phobail Dé Domhnaigh. Is fiú go mór dul ann mar beidh go leor rudaí ar díol ann ar phraghas réasúnta. Beidh leabhair, cistí agus fíon ann. Úsáidfean an t-airgead a bhaileofar chun cabhair a thabhairt do Shéamas de Brún. Gortaíodh Séamas go dona i dtimpiste bhóthair.

### **Fógra a dó**

Osclófar bialann nua ar an Aoine seo chugainn. An Sorn is ainm di. Buail isteach chugainn ar an tsráid mhór in aice le teach tábhairne Mhic Sheáin. Bialann mara atá inti. Beidh portáin, gliomaigh, bradáin agus gach sórt éisc eile ann. Má thagann tú roimh a naoi gheobhaidh cáca milis saor in aisce.

### **Fógra a trí**

Seo fógra do chailíní agus do mhná na tíre. Ní bheidh rás mór na mban ar siúl i mBaile Átha Cliath Dé Domhnaigh de bharr na drochaimsire. Rithfean an rás ar an Aoine an séú lá déag den mhí seo. Anuraidh bhí fiche cúig mhíle duine ag rith agus táimid ag súil le tríocha míle i mbliana. Rás deich gciliméadar a bheidh ann. Má tá tuilleadh eolais uait cuir fios ar Lorna Ní Laoire, An Bainisteoir Spóirt, Bardas Átha Cliath.

## **Cuid C**

### **Comhrá a haon**

Nóra: Heileo?

Stiofán: A Nóra, Stiofán anseo! Ní fhaca mé tú le tamall fada.

Nóra: Bhí timpiste bhóthair agam.

Stiofán: Go bhfóire Dia orainn. Cad a tharla?

Nóra: Trí seachtaine ó shin bhí mé ar mo bhealach chuig an Daingean sa charr le mo dhaid. Bhuail carr muid.

Stiofán: An bhfuil tú gortaithe go dona?

Nóra: Bhuail mé mo ghualainn ar dhoras an chairr. Tá sí brúite agus tá mo chos briste.

Stiofán: Cathain a bheidh tú ar ais ar scoil?

Nóra: Bhí mé san ospidéal inné agus bhain an dochtúir plástar de mo chos. Dúirt sé go mbeinn ábalta dul ar ais ar scoil ar an gCéadaoin.

Stiofán: Is mór an trua! Níl an t-ádh ort!

Nóra: Inis dom cén fáth?

Stiofán: Beidh scrúdú tíreolaíochta againn an lá sin.

Nóra: An dtabharfá cabhair dom? Níl nóta ar bith agam.

Stiofán: Cinnte, rachaidh mé trasna chugat le mo chuid nótaí tíreolaíochta.

Nóra: Is peata thú.

## **Comhrá a dó**

Tomás: Heileo?

Eibhlín: Eibhlín anseo, cá raibh tú le dhá lá anuas? Bhí gach duine buartha fút, a Thomáis.

Tomás: Bheul, bhí mé tinn sa leaba.

Eibhlín: Chuala mé go raibh tinneas uafásach ag dul thart. An fliú a bhí ann is dóigh.

Tomás: Ní hea go díreach.

Eibhlín: Céard a bhí ort mar sin?

Tomás: Bheul, fadhb bhoilg.

Eibhlín: Céard?

Tomás: Bheul, bhí pian i mo bholg agam le dhá lá anuas. D'ith mé an iomarca sa bhialann an oíche cheana. Breithlá mo mháthar a bhí ann. Chuaigh an teaghlach go léir ann. Bhí dhá stéig agus dhá mhilseog mhór agam.

Eibhlín: Nach tusa an t-amadán ceart?

Tomás: Ná bí mar sin. Ní raibh faic agam le dhá lá anuas.

Táim cráite leis an bpian i mo bholg.

Eibhlín: Níl trua dá laghad agam duit.

## **Comhrá a trí**

Nuala: Heileo!

Pól: Haigh, a Nuala. Pól anseo. An bhfuil aon rud ar siúl agat anocht?

Nuala: Níl. Seachas breathnú ar *Ros na Rún* ar TG4.

Pól: Bheul, tá tú saor mar sin.

Nuala: Táim.

Pól: Ar fheabhas, bhí mé ag smaoineamh ar dhul amach chuig an bpictiúrlann agus chuig an mbialann nua sin.

Nuala: Bheadh sé sin galánta.

Pól: Deir Aoife go mbíonn na sceallóga agus na deochanna an- bhlasta inti.

Nuala: An ndeir?

Pól: An bhféadfá teacht trasna chuig mo theachsa ag a seacht? Beidh mé ag fágaíl ag a hocht. Tá teilifís nua againn le scáileán tríocha orlach.

Nuala: Cathain a thosaíonn an scannán?

Pól: Ag leathuair tar éis a hocht.

Nuala: Beidh go leor ama againn mar sin.

Pól: Ná déan dearmad ceapaire agus gloine bainne a thabhairt do mo dheirfiúr Síle sula gcuirfidh tú í a chodladh ag a naoi.

Nuala: Goidé? Nach bhfuilimid ag dul le chéile?

Pól: Níl, táim ag dul le hAoife. Níl éinne i mo theachsa anocht agus thabharfása aire mhaith do Shíle.

Nuala: Ní dóigh liom é.

Pól: A Nuala? A Nuala! Céard atá cearr léi in aon chor?

## **Cuid D**

### **Píosa a haon**

Tharla timpiste bhóthair trí mhíle siar ó Chathair na Gaillimhe aréir. Maraíodh triúr agus gortaíodh beirt eile. Shleamhnaigh carr amháin ar leac oighir agus bhuaíl an carr sin i gcoinne an chairr eile. Tógadh na daoine go h-ospidéal na Gaillimhe. Deir na gardaí go raibh an dá charr ag dul ró-thapa ag an am.

## **Píosa a dó**

Bhuaigh Bean as Gaoth Dobhair milliún euro sa Chrannchur Náisiúnta aréir. Máire Nic Ghiolla Easpaig is ainm di. Dúirt sí go dtabharfadh sí céad míle euro don ospidéal réigiúnda i Sligeach. Chaith sí bliain ann anuraidh tar éis timpiste bhóthair. Ba mhaith léi go rachadh an t-airgead chun trealamh a fháil don ionad éigeandála.

## **Píosa a trí**

D’oscail an tAire Sláinte foirgneamh nua in ospidéal na leanaí i gCroimghlinn maidin inné. Beidh caoga leaba sa bhreis ann le hobrádlanna nua agus saotharlann eolaíochta. Chomh maith le sin beidh bialann ann do chuireoirí agus seomra spraoi.

## *Caibidil 4*

### **Cuid A**

#### **An chéad chainteoir**

Is mise Seosamh de Paor. Táim seacht mbliana déag d’aois. Cónaím i dteach scoite ar bhruach na habhann i sráidbhaile beag darb ainm an Clochán, Co. Chiarraí. Is ceantar uaigneach iargúlta é faoin tuath. Tá an fharraige siar uainn agus na sléibhte soir uainn. Ceapaim gur ceantar álainn sláintiúil é. Tá míbhuntáistí ag baint leis an áit. Níl dochtúir áitiúil againn a thuilleadh. Tá an t-ospidéal áitiúil i dTrá Lí. Sa tsráidbhaile níl ach siopa grósaera, teach tábhairne, bunscoil, garáiste agus oifig an phoist. Tagann an leabharlann uair sa tseachtain ar an Máirt i veain mór.

#### **An dara cainteoir**

Is mise Cathal Mac Dónaill. Cónaím i dteach sraithe i mbruachbhaile atá suite ag bun na sléibhte. Bíonn an baile

plódaithe agus tá sé an-ghnóthach. Is as Leitir Ceanainn mé. Is é 17 Garrán Uí Chonghaile an seoladh atá agam. Sa bhaile mór tá an-chuid áiseanna ach is iad na cinn is fearr liom ná an leabharlann, an t-ionad pobail, agus an t-ionad spóirt. Oibrím san ollmhargadh ar an Aoine. Téann mo dheartháir óg, Seán, don bhunscoil. Tá óstán breá suite gar don teach.

### **An triú cainteoir**

Is mise Muiris Ó Braonáin. Cónaím i lár na cathrach in árasán. Tá an áit salach, truailithe agus lofa. Is as Gaillimh mé. Is é 17 Ascaill Uí Mhuirthile an seoladh atá agam. Sa chathair tá gach rud in aice láimhe cosúil le hollmhargadh, banc, scoil agus siopa an phoitigéara. Ach tá áiseanna eile in easnamh, mar shampla gairdín de mo chuid féin agus páirceanna imeartha. Freastalaím ar an meánscoil. Is scoil mhór í le hocht gcéad dalta. Oibríonn mo dheartháir Lorcán sa siopa nuachtán.

## **Cuid B**

### **Fógra a haon**

An duine óg láidir le Gaeilge thú? Ar mhaith leat cúpla euro breis a shaothrú an Nollaig seo? Níl le déanamh ach glao a chur ar an mBainisteoir, an Clochán, Co na Gaillimhe. Ollmhargadh atá i gceist agus is duine óg idir ceithre bliana déag agus fiche bliain d'aois atá á lorg acu. Obair? Faic seachas boscaí a iompar, seilfeanna a líonadh agus freastal ar cheisteanna na gcustaiméirí. Cúig euro san uair a gheobhaidh tú.

### **Fógra a dó**

Beidh díolachán mór an tsamhraidh ag tosú Dé hAoine seo chugainn i siopa éadaigh Mhuintir de Brún atá lonnaithe sa Daingean. Beidh brístí ar leathphraghas agus blúsanna chomh maith. Beidh sciortaí agus gúnaí le fáil ar phraghasanna dochreidte, tá siad chomh híseal sin. Beidh lacáistí móra ar fáil ar gach sórt éadaigh, ó stocaí go geansaithe ildaite. Chomh maith le sin beidh crannchur mór

le haghaidh duais iontach, gluaisrothar nua. Má cheannaíonn tú luach daichead euro d'earraí uainn gheobhaidh tú ticéad don chrannchur.

### **Fógra a trí**

Tá teach saoire aon stór le díol i nGaoth Dobhair, i dTír Chonaill. Tá an teach suite ar imeall na farráige. Tá suíomh álainn iargúlta aige mar níl teach ar bith eile gar dó. Tá seomra bia, seomra suí, trí sheomra codlata agus cistin mhór ann le gach áis nua-aimseartha inti. Tá oigheann micreathonna, reoiteoir, cuisneoir, meaisín nite gréithre agus sorn. Má tá tuilleadh eolais uait glaoigh ar 092 54897.

### **Cuid C**

#### **Comhrá a haon**

Sorcha: Heileo?

Colm: Haigh, a Shorcha! Colm anseo! Táim ag glaoch ort ó mo theach nua.

Sorcha: Do theach nua?

Colm: Sea, a Shorcha, teach gleoite atá ann! Teach scoite é agus tá seacht sheomra codlata ann agus cúig sheomra foltha.

Sorcha: Dáiríre?

Colm: Tá agus tá sé suite ag bun na sléibhte ar bhruach na habhann. Téim ag snámh san abhainn chuile lá.

Sorcha: Agus an ceantar nua seo, an maith leat é?

Colm: Ó is breá liom é. Tá sé ar fheabhas. Táimid i lár na tuaithe. Tá an tsráidbhaile míle siar an bóthar uainn.

Sorcha: An bhfuil áiseanna maithe ann?

Colm: Gan amhras tá. Tá siopa sceallóga agus siopa fise ann.

Sorcha: Cogar, a Choilm, an bhfuil pictiúrlann ann?

Colm: Bhuel, níl ... ach cén fáth?

Sorcha: Tá pictiúrlann sa bhaile mór anois le deich scáileán. Tá sé san ionad siamsaíochta. Chomh maith le sin tá ceithre bhialann ann, ceann Iodáileach agus ceann Síneach agus halla spóirt.



Colm: Ó, an mar sin atá?

Sorcha: Sea, sin mar atá, a Choilm. Slán!

### **Comhrá a dó**

Siobhán: Heileo?

Seosamh: A Shiobháin, Seosamh anseo!

Siobhán: A Sheosaimh! Bhí mé ag iarraidh dul i dteagmháil leat le coicís anuas ach ní raibh aon fhreagra uait.

Seosamh: Táimid imithe ón seanteach le mí anuas. Cheannaigh mo thuismitheoirí bungaló agus dhíol siad an teach dhá stór.

Siobhán: Ach teach breá ab ea an seancheann.

Seosamh: Dúirt mo thuismitheoirí go raibh sé ró-mhór don chlann.

Siobhán: Tá an ceart acu. Níl ach cúigear sa teaghlach agus bhí seacht seomra codlata sa seanteach.

Seosamh: Níl ach ceithre sheomra codlata sa bhungaló.

Siobhán: An dtaitníonn sé leat?

Seosamh: Is aoibhinn liom é mar tá sé in aice na farraige agus gar don ionad pobail.

Siobhán: Tá sé sin áisiúil. An fáth go raibh mé ag gaoch ort ná go mbeidh dioscó ar siúl san óstán ar an Satharn seo chugainn agus is dóigh liom go mbeidh craic agus spraoi ann. An dtiocfaidh tú liom?

Seosamh: Tíocfaidh cinnte.

Siobhán: Buailfidh mé leat ag do theachsa ag a hocht an oíche sin.

Seosamh: An bhfuil mo sheoladh nua agat?

Siobhán: Níl.

Seosamh: Is é an seoladh nua atá agam ná uimhir a deich, Sráid na Siopaí, Béal an Átha.

Siobhán: An-mhaith, a Sheosaimh. Slán!

Seosamh: Slán, a Shiobháin.

## **Comhrá a trí**

Nuala: Heileo?

Ciarán: A Nuala, Ciarán anseo. Cad é mar atá tú?

Nuala: Á, ag streachailt leis an saol.

Ciarán: Cad atá ort?

Nuala: Dhera, goideadh mo rothar inné.

Ciarán: Dia ár sábháil! Cén áit a raibh an rothar nuair a goideadh é?

Nuala: Chuaigh mé go Leitir Ceanainn ag siopadóireacht tráthnóna inné. Dífhág mé an rothar ar imeall charrchlós ollmhargadh Uí Néill. Cheannaigh mé rud nó dhó. Thóg mé leabhar amach ón leabharlann agus bhí sé imithe nuair a tháinig mé ar ais.

Ciarán: Agus an ndeachaigh tú chuig na gardaí?

Nuala: Chuaigh agus thosaigh siad ag gáire fám.

Ciarán: Cén fáth?

Nuala: Ní raibh an rothar faoi ghlas agam.

Ciarán: Bheul, tá an locht ort mar sin.

Nuala: Ní hé sin deireadh an scéil. Tháinig siad ar an rothar maidin inniu in aice leis an otharlann.

Ciarán: Dea-scéal é sin.

Nuala: Ní hea ach drochscéal. Thóg na gadaithe an dá roth, an diallait agus na soilse. Níor fágadh ach an cnámharlach.

Ciarán: A Thiarna. Bhí mé chun cuireadh a thabhairt duit dul ag rotháíocht liom ar an deireadh seachtaine ach ní dóigh liom é anois.

Nuala: Tá an ceart agat. Slán!

Ciarán: Slán!

## **Cuid D**

### **Píosa a haon**

Bean as Baile Átha Cliath a bhuaigh an duais mhór dhá mhilliún euro go leith sa Chrannchur Náisiúnta Dé Céadaoin. Cúigear clainne atá ar an mbean seo agus iad ar fad sna fichidí agus pósta. Deir sí go bhfuil sí chun árasán a cheannach do

gach duine acu agus cuid den duais a bhronnadh ar ospidéal na leanaí i dtuaisceart na cathrach. Ceannóidh sí féin teach scoite nua faoin tuath i measc na sléibhte.

### **Píosa a dó**

Bhí slua mór ann inné nuair a d’oscail an tAire Dlí agus Cirt teach cúirte nua i Sligeach. Tá gach áis nua-aimseartha ann, idir ríomhairí, an t-idirlíon agus ceamaraí sa chúirt. Tá seomra feithimh ann, dhá chúirt, spás do chéad lucht féachana agus leabharlann bheag do na dlíodóirí.

### **Píosa a trí**

Tá téarma príosúin trí bliana faighte ag fear óg ó Chill Árne, Co. Chiarraí. Ar an seachtú lá de Mheitheamh seo caite, bhris Muiris Mac Gearailt ó Shráid Eoin, Cill Árne, isteach i Siopa Uí Shé. Siopa físe agus teilifíse atá ann. Tar éis dó úinéir an tsiopa a cheangal, thug sé leis breis agus cúig mhíle euro ón taisceadán. Scrios sé an siopa. Bhris sé dhá theilifís agus trí fhíseán.

## *Caibidil 5*

### **Cuid A**

#### **An chéad chainteoir**

Is mise Séamas de Róiste. Táim sé bliana déag d’aois. Tá cúigear i mo theaghlach. Is mise an duine is óige sa chlann. Seinneann mo dheirfiúr Emma i ngrúpa ceoil. Imríonn mo dheirfiúr Sinéad do fhoireann peile na Gaillimhe. Cónaím i dteach scoite i mbruachbhaile i nGaillimh. Is aoibhinn liom ceol, go háirithe ceol traidisiúnta. Ceapaim go bhfuil an grápa Altan ar fheabhas. Tacaím le foireann peile na Gaillimhe. Is í cispheil an spórt is fearr liom.

## **An dara cainteoir**

Is mise Treasa Ní Dháill. Táim cúig bliana déag d’aois. Tá seisear i mo theaghlach. Is mise an duine is sine sa chlann. Imríonn mo dheirfiúr Nóra eitpheil. Imríonn mo dheirfiúr Cáit leadóg. Cónaím i dteach leathscoite i dTrá Lí. Is aoibhinn liom faisean, go háirithe éadaí ón bhFrainc. Ceapaim go bhfuil an saothar John Rocha ar fheabhas. Téim ag siopadóireacht gach seachtain. Is í dúghorm an dath is fearr liom.

## **An triú cainteoir**

Is mise Eimear Ní Bhaoill. Táim ceithre bliana déag d’aois. Tá ceathrar i mo theaghlach. Is iad sin mo thuistí, mé féin agus mo dheartháir, Conán. Imríonn sé liathróid láimhe agus cluiche corr. Imrím camógaíocht agus criocaid. Cónaím in árasán. Is aoibhinn liom ceol tuaithe go háirithe ceol ó Mheiriceá. Is fuath liom rac cheol. Ceannaím dlúthdhioscaí go rialta.

## **Cuid B**

### **Fógra a haon**

Seo fógra ó phríomhoide na scoile. De bharr na drochaimsire, ní bheidh na cluichí seo ar siúl an tseachtain seo: peil Ghaelach, iomáint agus haca. Ach leanfaidh na cluichí seo ar aghaidh mar is gnáth: cispheil, eitpheil agus leadóg. Beidh na cluichí cispheile ar siúl ar an gCéadaoin. Imreofar na cluichí eitpheile ar an Aoine. Ní mór d’imreoirí na gcluichí atá curtha ar ceal bualadh le chéile i seomra a cúig ag am lóin.

### **Fógra a dó**

Seo fógra ón siopa ceoil. Beidh sladmhargadh ar siúl an Luan seo chugainn ag a deich. Díolfar earraí agus uirlisí ar leathphraghas. Dar ndóigh beidh rudaí eile níos saoire fós. Ní bheidh á lorg ar dhlúthdhiosca ach cúig euro. Tá giotáir ar fáil ar thríocha euro. Tá sacsafón le fáil ar ochtó euro. Gach custaiméir a thagann isteach ar an Luan gheobhaidh sé nó sí cóip saor d’albam Daniel O’Donnell.

## **Fógra a trí**

Seo fógra ó leasphríomhoide na scoile. Tosóidh seó faisin na bliana seo ar an Domhnach seo chugainn ag a hocht a chlog. Diolfar na ticéid ag an doras. Cosnóidh siad deich euro an ceann. Rachaidh an t-airgead go léir do halla spóirt na scoile agus chun fearas a cheannach don halla. Críochnóidh an seó ag a deich agus beidh tae agus soláistí ar fáil ina dhiaidh sin.

## **Cuid C**

### **Comhrá a haon**

Treasa: Dia duit, a Fhionnuala.

Fionnuala: Dia is Muire duit, a Threasa.

Treasa: Cá bhfuil do thriall ar maidin?

Fionnuala: Chuig an gcúirt leadóige.

Treasa: Ní raibh a fhios agam gur imir tú leadóg.

Fionnuala: Ní imrím.

Treasa: Cén fáth go bhfuil tú ag dul ann, mar sin?

Fionnuala: Táim chun bualadh le Liam ann.

Treasa: Tuige?

Fionnuala: Tá an chúirt leathbhealach idir teach Liaim agus mo theach. Táimid ag dul ag imirt gailf.

Treasa: Galf?

Fionnuala: Sea, galf. Imrím go rialta agus táim ag dul i bhfeabhas.

Treasa: Cathain a thosaigh tú ag imirt?

Fionnuala: Bliain ó shin, agus is aoibhinn liom é. Tugann sé sos dom ón obair scoile.

Treasa: An bhfuil mála agus maidí gailf agat?

Fionnuala: Níl. Faighim an trealamh ar cíós ón gclub.

Treasa: Cén fáth?

Fionnuala: Níl dóthain airgid agam chun mála agus trealamh a cheannach. Táim ag cur airgid i dtaisce.

Treasa: Tuigim.

Fionnuala: Caithfidh mé imeacht. Tá mé déanach. Slán agat.

Treasa: Slán leat.

## **Comhrá a dó**

Fiachra: An bhféadfainn labhairt le Seoirse?

Seoirse: Is mise Seoirse. Cé tusa?

Fiachra: Dia duit, a Sheoirse. Fiachra anseo.

Seoirse: Cad atá ar siúl agat?

Fiachra: Táim ag glaoch mar ní chuimhin liom cathain a bheidh an cleachtadh.

Seoirse: Fan go bhfeice mé. Tosóidh sé ag a naoi ar an Aoine.

Fiachra: An mbeidh sé fós i ngaráiste Eoin?

Seoirse: Beidh, go deimhin.

Fiachra: Ar shocraigh tú ar ainm an ghrúpa go fóill?

Seoirse: Níl tuairim dá laghad agam seachas Na Ciaróga agus tá sé sin tógtha cheana féin.

Fiachra: An bhfuil an t-amhránaí nua ag teacht?

Seoirse: Tá, gan amhras. Deirdre is ainm di. Tá guth iontach aici agus seinneann sí an méarchlár.

Fiachra: An dóigh leat go bhfuil an iomarca sa ghrúpa anois?

Seoirse: Ní dóigh liom é. Tá seisear iontach, mise ar na drumáí, tusa ar an dordghiotár, Nuala ar an bhfidil, Deirdre ag canadh agus ar an méarchlár agus an cúpla Eoin agus Stiofán ar na giotáir.

Fiachra: Is dócha go bhfuil an ceart agat.

Seoirse: An bhféadfainn an glao a stopadh anois? Tá glao eile ag teacht isteach.

Fiachra: Cinnte. Slán.

Seoirse: Slán leat.

## **Comhrá a trí**

Máire: Dia duit, a Dhiarmaid. Máire anseo.

Diarmaid: Dia is Muire duit, a Mháire. Conas atá tú?

Máire: Uafásach.

Diarmaid: Cén fáth?

Máire: Mothaím neirbhíseach faoin gceolchoirm amárach.

Diarmaid: Ná bí mar sin, beidh gach rud togha.

Máire: An dóigh leat é?

Diarmaid: Táim cinnte de.

Máire: Níor chan mé os comhair míle duine riamh roimhe seo.

Diarmaid: Tá guth binn agat. Beidh an slua faoi dhraíocht agat.

Máire: Goidé faoin trealamh fuaime? An bhfuil na micreafóin go léir in ord?

Diarmaid: Tá. Thástáil mé iad inniu.

Máire: Cathain a bheidh tú ag bualadh liom?

Diarmaid: Sroichfidh mé do theach ag meánlae. Rachaimid ansin go dtí an halla. Ullmhóimid an trealamh. Tosóidh an cheolchoirm ag a seacht san oíche.

Máire: Tá sé sin ceart go leor. Caithfidh mé dul anois. Slán leat.

Diarmaid: Slán agat.

## **Cuid D**

### **Píosa a haon**

I nGaith Dóbhair a reachtáilfear Comórtas Peile na Gaeltachta i mbliana. Tiocfaidh na foirne go léir le chéile ann ó Ghaeltachtaí na tíre. I mbliana, beidh foirne ann ó Chorca Dhuibhne, ó Mhuscraí agus ón Rinn sa deisceart. Chomh maith le sin beidh foirne ann ó Ráth Cairn, Gaeltacht Chonnachta agus Tír Chonaill féin. Tosóidh na cluichí ar an Aoine. Beidh an cluiche ceannais sinsir ar siúl ar an Luan ag a dó a chlog. Mar is gnáth, craolfaidh Raidió na Gaeltachta an cluiche beo. Beidh an Teachta Dála Éamon Ó Cuív i láthair chun an corn a bhronnadh ag deireadh an chluiche.

### **Píosa a dó**

Tháinig tríocha páiste le chéile sa Spidéal an chéad seachtain de Lúnasa chun cúrsa dramaíochta agus ceoil traidisiúnta a dhéanamh. Ba í Cáit de Bláca a bhí i bhfeighil an chúrsa. Ag deireadh an chúrsa thug siad taispeántas oifigiúil. Bhí veidhlíní, bodhráin, feadóga, boscaí ceoil agus fliúiteanna le cloisteáil ann. Ina dhiaidh sin chuir siad dráma ar siúl.

D'ullmhaigh na páistí na héadaí, na radharcanna agus ceol an dráma. Thaitin an oíche le cách.

### **Píosa a trí**

Chuir daltaí ó Phobalscoil an Teampaill sa Dún taispeántas faisin ar siúl sa scoil aréir. Bailíodh dhá mhíle euro do ospidéal na leanaí. Chuir na siopaí éadaigh sa cheantar éadaí ar fáil don oíche. B'é an tAire Airgeadais a sheol an taispeántas. B'é Seán ó Laoi, iarscoláire na scoile, fear an tí.

## *Caibidil 6*

### **Cuid A**

#### **An chéad chainteoir**

Is mise Liam Ó Murchú. Cónaím in Inis le mo theaghlach. Tá seisear againn ann. Is mise an duine is sine. Is aoibhinn liom an teilifís. Breathnaím uirthi an t-am go léir. Ceapaim gurbh é Hiudaí an duine is fearr ar TG4. Tá sé greannmhar. Cuireann sé mé ag gáire. Ní bhíonn cead agam breathnú ar an teilifís go dtí go mbíonn m'obair bhaile déanta agam. Is fuath liom obair bhaile, go háirithe Béarla. Is é Béarla an t-ábhar is fuath liom. Tá sé leadránach.

#### **An dara cainteoir**

Is mise Sinéad Ní Cheallaigh. Táim trí bliana déag d'aois. Freastalaím ar Phobalscoil na Cille. Is aoibhinn liom an scoil. Ní bhíonn mórán ama agam don teilifís mar bím ró-ghnóthach le spórt agus caitheamh aimsire. Éistim le ceol ar an raidió ar an mbealach abhaile ón scoil. Is é Raidió na Life an stáisiún is fearr liom. San oíche sula dtéim a chodladh breathnaím ar an sobalchlár *Ros na Rún*. Ceapaim gur clár an-spéisiúil é. Is aoibhinn liom an carachtar Tadhg. Tá sé glic agus mailíseach.



## **An triú cainteoir**

Is mise Rebecca Ní Mhurchú. Cónaím i bPort Mearnóg le m'athair, mo mháthair agus mo dheirfiúr Emma. Is é ealaín an t-ábhar is fearr liom. Is aoibhinn liom an teilifís, go háirithe cartáin agus cláracha ceoil ar MTV. Is fearr liom POP TV ar TG4. Ní éistim leis an raidió go minic mar bíonn sé leadránach. B'fherr liom éisteacht le mo cheol féin.

## **Cuid B**

### **Fógra a haon**

Seo fógra ó Raidió na Gaeltachta faoi chlár nua do dhéagóirí a bheidh ag tosú oíche Dé hAoine seo chugainn. Clár cainte, ceoil agus craic a bheidh ann. Craolfar an clár seo ag a hocht go dtí a deich. Sa stiúideo beidh seisear deagóirí chomh maith liomsa. Pléfidimid ábhair spéisiúla. An Aoine seo chugainn beimid ag labhairt faoi éide scoile.

### **Fógra a dó**

Seo fógra ó TG4 faoin gclár Mí in Ibiza. Beidh sraith nua den chlár á dhéanamh againn an mhí seo chugainn. Táimid ag lorg daoine ón a hocht déag suas go dtí daichead chun an clár seo a dhéanamh. Ochtar ar fad atá ag teastáil uainn. Caithfidh an t-iarratasóir a bheith réidh chun mí a chaitheamh in árasán in Ibiza, Lúnasa seo chugainn. Cuirfear tuarastal lae fiche euro an duine ar fáil. Craolfar an clár an bhliain dar gcionn.

### **Fógra 3**

Fógraíodh buaiteoir Réalta ar chlár speisialta a craoladh beo ar Raidió na Gaeltachta maidin Dé hAoine, 19 Eanáir. Is é Réalta an comórtas d'amhráin nuachumtha Ghaeilge a reáchtálann an stáisiún gach bliain. Bhronn Ceannaire Raidió na Gaeltachta seic €3,000 móide trófaí Raidió na Gaeltachta ar Louis De Paor, duine de chumadóirí an amhráin a bhain an chraobh – Ag an gCóisir. Beidh Ag an gCóisir, maraon leis na

naoi n-amhrán eile a bhí sa bhabhta ceannais, le fáil ar albam Réalta 2001.

## **Cuid C**

### **Comhrá a haon**

Nóra: Dia duit, a Pheadair.

Peadar: Dia is Muire duit, a Nóra.

Nóra: Tá cuma traochta ort ar maidin.

Peadar: Cinnte, chuaigh mé a chodladh ag a dó ar maidin.

Nóra: Go bhfóire Dia orainn, an bhfuair tú an méid sin obair bhaile?

Peadar: Ní hea. Bhí scannán iontach ar TG4 ag a deich aréir agus bhreathnaigh mé air.

Nóra: Mhair sé ceithre huair a' chloig?

Peadar: Níor mhair sé ach dhá uair.

Nóra: Cén fáth a ndeachaigh tú a chodladh chomh déanach sin, mar sin?

Peadar: Thosaigh clár ceoil ar MTV ansin faoi Van Morrison. Is aoibhinn liom an ceoltóir sin.

Nóra: Bheul, tá cuma spíonta ort. Tá súil agam go mbeidh tú réidh don scrúdú staire sa cheathrú rang ar maidin.

Peadar: A dhiabhail, rinne mé dearmad glan air. Tabhair dom do nótaí anois.

Nóra: Seo duit, agus céard a cheap tú faoi cheist a trí sa mhatamaitic aréir?

Peadar: Ceist a trí?

Nóra: Nach ndearna tú an obair bhaile?

Peadar: Táim i bponc ceart. Cathain a bheidh an rang sin againn?

Nóra: Tosnaíonn sé ag a naoi.

Peadar: Dia ár sábháil, tá mé scriosta.

Nóra: Ceapaim go bhfuil an locht ar an diabhal teilifíse. Sin an clog. Caithfidh mé dul isteach.

## Comhrá a dó

Aoife: Dia duit, a Sheosaimh.

Seosamh: Dia is Muire duit, a Aoife.

Aoife: An bhfaca tú an clár sin *Ros na Rún* sin aréir?

Seosamh: Ní fhaca.

Aoife: Is mór an trua sin mar bhí sé thar cionn.

Seosamh: An raibh? Níl cead agam breathnú air a thuilleadh.

Aoife: Cén fáth?

Seosamh: Bhí mo mháthair ag breathnú ar an tseachtain seo caite agus níor thaitin an clár léi.

Aoife: Cén fáth nach bhfuil cead agat é a fheiceáil?

Seosamh: Dúirt sí go bhfuil mé ró-óg chun breathnú air.

Aoife: Ró-óg? Tusa! Tá tú sé bliana déag d'aois.

Seosamh: Cinnte, agus tá mé níos sine ná tusa, fiú.

Aoife: An bhfuil sí craiceáilte?

Seosamh: Níl. An dtuigeann tú, is mise an duine is óige sa chlann.

Aoife: Is leanbh tusa mar sin. Bheul, d'fhéadfá breathnú ar Bouli agus Réaltóg.

Seosamh: Ná bí ag magadh fúm. D'fhéadfá gar a dhéanamh dom.

Aoife: Cad é?

Seosamh: *Ros na Rún* a thaifeadadh dom gach seachtain.

Aoife: Ná bí dom chrá. Níl mise chun *Ros na Rún* a théipeáil duit. Dá mbeadh a fhios ag do mhamaí go ndearna mé cóip den chlár salach sin duit bheadh mo shaol scriosta.

Seosamh: Is aoibhinn liom *Ros na Rún*. Le do thoil déan cóip dom.

Aoife: Ní féidir. Ó, sin é mo bhus, slán agat.

Seosamh: Slán leat.

## Comhrá a trí

Sorcha: Dia duit, a Sheáin.

Seán: Dia is Muire duit, a Shorcha.

Sorcha: An féidir leat an raidió a mhúchadh?

Seán: Cinnte.

Sorcha: Cén stáisiún a bhí ar siúl agat?

Seán: Raidió na Gaeltachta.

Sorcha: Dáiríre?

Seán: Cinnte, ar an Domhnach.

Sorcha: Cén fáth? Ní bhíonn ach ceol traidisiúnta ar siúl acu.

Seán: Tá sé sin fíor. Is aoibhinn liom gach saghas ceoil, ceol traidisiúnta san áireamh.

Sorcha: Is fuath liom ceol traidisiúnta. B'fhearr liom snagcheol.

Seán: Ní hé sin an fáth a éistim leis an stáisiún.

Sorcha: Cén fáth mar sin?

Seán: Bíonn clár spórt iontach acu ar an Domhnach.

Sorcha: Nach mbíonn ceann maith ag Raidió a hAon freisin?

Seán: Bíonn, ach is fearr liom Seán Bán Breathnach.

Sorcha: Is fuath liom é. B'fhearr liomsa Dave Fanning.

Seán: Níl éinne chomh maith le Seán mar thráchttaire spóirt.

Sorcha: N'fheadar.

Seán: Sin é mo shíob. Slán agat.

Sorcha: Slán leat.

## **Cuid D**

### **Píosa a haon**

Beidh taispeántas craoltóireachta sa leabharlann áitiúil an tseachtain seo chugainn. Osclóidh sé ag a deich ar maidin agus leanfaidh sé an tseachtain ar fad. Dúnann an taispeántas gach lá ag a hocht. Tabharfaidh iarcheannasaí TG4, Cathal Goan, léacht agus caint ar chúrsaí teilifíse in Éirinn oíche Dé Máirt. Beidh ceannaire RTÉ ag caint faoi chláracha spóirt oíche Dé hAoine.

### **Píosa a dó**

Bhí timpiste chairr ag foireann nuachta ar an mbóthar ó Bhaile na hAbhann go Gaillimh inné. Bhí ceathrar sa charr

nuair a phléasc roth tosaigh an chairr agus chuaigh sé ó smacht. Bhuail sé claí ar imeall an bhóthair agus d'imigh sé bun os cionn i bpáirc in aice an bhóthair. Gortaíodh an fear ceamara. Bhris sé a lámh agus a rúitín. Bhris an fear fuaime a shrón. Tháinig an tiománaí slán ach ghortaigh an láithreoir a dhroim. Deir urlabhraí TG4 go ndearnadh damáiste fiche míle euro do threalamh. Dar leis bhí ceamara, gléas taifeadta agus uirlis saithilíte scriosta sa timpiste.

### **Píosa a trí**

Tá cláracha Raidió na Gaeltachta ag athrá don fhómhair. Tosóidh an clár *Nead Fuinseoige* ag a sé ar maidin as seo amach. Críochnóidh an Nead ag leathuair tar éis a seacht. Ansin tosóidh an clár *Athmhaidin* ag a leathuair tar éis a seacht. Leanfaidh sé go dtí ceathrú tar éis a naoi. Fanfaidh cláracha an lae mar atá. San oíche beidh clár cainte agus ceoil ag tosú ag a haon déag.

## *Caibidil 7*

### **Cuid A**

#### **An chéad chainteoir**

Is mise Aoife Ní Cheallaigh. Rugadh mé i mBaile Átha Cliath. Cónaím i dteach leathscoite i dTamhlacht. Tá deirfiúr amháin agam. Is mise an duine is sine sa chlann. Táim sa dara bliain sa phobalscoil. Tá mo dheirfiúr Sinéad sa séú bliain i mbunscoil Threasa. Oibríonn mo mham sa státseirbhís agus is teicneoir ríomhaireachta mo dhaid. Oibríonn sé ó mhaidin go hoíche agus ar an Satharn fiú amháin. Chuir aimsir an tsamhraidh seo déistean orm. Bhí sé scamallach agus fliuch seachtain ó shin agus faoi láthair tá sé fliuch agus gaofar. Is cuma liom faoi sin anois mar beidh mé ag dul ar saoire don Spáinn. Dar le réamhaisnéis na haimsire aréir beidh sé grianmhar, te, meirbh

ann don choicís a bheidh mise ar saoire ann. Beidh mo thuistí agus an chlann go léir ag dul ar saoire amárach. Táim ag tnúth go mór leis mar tá an-spéis agam sa damhsa Spáinneach. D’fhoghlaim mé rince Spáinneach ar scoil.

### **An dara cainteoir**

Cad é mar atá sibh? Seosamh Ó hÉir anseo. Rugadh agus tógadh mé anseo i gCill Mhantáin. Is ó Ghort an Choirce i nGaeltacht Dhún na nGall mo bheirt tuismitheoirí. Oibríonn m’athair mar iascaire. Mar sin tugaim aire faoi leith do réamhaisnéis na haimsire. Is fuath liom aimsir ghaofar le gálaí. Is fearr liom aimsir chiúin. Ba mhaith liom a bheith i mo fhear aimsire. Is iad eolaíocht, mata agus tíreolaíocht na hábhair scoile is fearr liom agus is fuath liom stair. Cabhróidh siad liom sa todhchaí mar fhear aimsire.

### **An triú cainteoir**

Is mise Lúca Ó Maoláin. Táim sé bliana déag d’aois. Rugadh i mBaile Átha Cliath mé ach tá cónaí orm i gContae na Mí. Oibríonn mo dhaid i Sord mar innealtóir. Ar maidin tosaíonn sé ag obair ar a hocht. Is mise an dara duine is sine sa chlann. Tá Stephanie fiche bliain d’aois agus freastalaíonn sí ar ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Is í peil Ghaelach an caitheamh aimsire is fearr liom. Imrím ar fhoireann na scoile ach is fuath liom a bheith ag imirt nuair a bhíonn sé fuar gaofar. An samhradh seo chugainn rachaidh mé féin agus mo thuistí ar saoire don Iodáil.

## **Cuid B**

### **Fógra a haon**

Seo fógra ó oifig na haimsire. Faoi láthair tá sé te agus griannmhar. Beidh brádán báistí ann tar éis lóin. Anocht tiocfaidh báisteach throm isteach ón Atlantach. Titfidh báisteach throm i rith na hoíche. Maidin amárach glanfaidh

an bháisteach. Beidh an teocht fiche céim Celsius. Lá scamallach meirbh a bheidh ann.

### **Fógra a dó**

Seo fógra ó Ghaelsaoire Teoranta. Tosóidh cúrsaí Gaeilge do dhaoine fásta ar an Luan seo chugainn i Rann na Feirste, Co. Dhún na nGall. Beidh spraoi, spórt agus craic ann do chách. Cuirfear ranganna Gaeilge do fhoghlaimoirí ar siúl gach maidin. San iarnóin beidh turasanna cultúrtha agus san oíche beidh seisiún ceoil agus damhsa traidisiúnta. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait cuir fios ar Eibhlín ag 073 78346.

### **Fógra a trí**

Seo fógra ó na gardaí. Mar gheall ar stoirm na hoíche aréir tá tuilte i ndeisceart na tíre. Molann na gardaí do thiománaithe gan dul amach ar na bóithre muna bhfuil sé práinneach. Tá damáiste déanta do charranna agus do dhíonta tithe. Leagadh suas le céad crann i rith na hoíche. Tharla dhá thimpiste bhóthair dá bharr. Beidh baol stoirme ann arís amárach. Séidfídh gaoth láidir aneas. Fan sa bhaile más féidir.

## **Cuid C**

### **Comhrá a haon**

Treasa: Bail ó Dhia ort, a Sheáin.

Seán: An bhail chéanna ortsa, a Threasa.

Treasa: Ní fhaca mé tú le fada. Cá raibh tú?

Seán: Chaith mé mí san Iodáil ar saoire.

Treasa: Nach raibh an t-ádh leat!

Seán: Cinnte, ní raibh tusa ar saoire go fóill.

Treasa: Conas a bhfuil a fhios agat?

Seán: Tá do chraiceann chomh bán le sneachta.

Treasa: Tá an ceart agat. Is dócha go raibh an aimsir ar fheabhas san Iodáil.

Seán: Dochreidte. Ní dheachaigh an teocht faoi bhun tríocha a cúig chéim Celsius.

Treasa: Bheadh sé sin ró-the domsa.

Seán: Thaitin sé go mór liomsa.

Treasa: Conas is féidir bogadh sa teas úd?

Seán: Sin an rud. Ní dhearna mé faic seachas luí faoin ngrian agus snámh sa linn snámha.

Treasa: Nach ndeachaigh tú go Pisa, don Róimh nó do Firenze?

Seán: Ní dheachaigh. Bhí sé ró-the i rith an lae agus san oíche chuaigh mé ag damhsa.

Treasa: Bhuel, cuireann sé iontas orm.

Seán: Sin an sórt duine atá ionam. Caithfidh mé dul, tá mo bhus ag teacht.

Treasa: Slán leat.

Seán: Slán agat.

## **Comhrá a dó**

Nóra: Dia duit, a Lorcáin.

Lorcán: Dia is Muire duit, a Nóra.

Nóra: Ní fhaca mé tú le fada. Cá raibh tú?

Lorcán: Bhí mé i mo theach le seachtain anuas.

Nóra: Cén fáth nár tháinig tú amach?

Lorcán: Is fuath liom an aimsir seo.

Nóra: Ach tá sé go breá te, meirbh fíú.

Lorcán: Sin é.

Nóra: Ní thuigim tú. Níl puth gaoithe ann fíú. Tá sé go hálainn.

Lorcán: Is fuath liom an aimsir seo. Bíonn fiabhras léana orm.

Nóra: Cad é sin?

Lorcán: Bím ag sraothairt an t-am ar fad. Sileann mo shrón agus mo shúile.

Nóra: Is mór an trua sin.

Lorcán: Ná bí buartha fúm. Beidh sé fliuch báistiúil amárach.

Nóra: Béidh sé sin uafásach.

Lorcán: Ní bheidh. Taitníonn an bháisteach go mór liom. Ní bhíonn fiabhras léana orm ansin.



Nóra: Tuigim anois.

Lorcán: Caithfidh mé dul. Tá mo mham ag teacht.

Nóra: Slán leat.

Lorcán: Slán agat.

### **Comhrá a trí**

Sorcha: Dia duit, a Fhionnuala.

Fionnuala: Dia is Muire duit, a Shorcha.

Sorcha: Goidé mar atá tú?

Fionnuala: Go gruama.

Sorcha: Cén fáth?

Fionnuala: Féach ar an diabhal aimsire seo.

Sorcha: An brádán báistí éadrom seo?

Fionnuala: Brádán báistí, a deir tusa. Is fuath liom báisteach ar bith.

Sorcha: Tá tú an-chrosta na laethanta seo.

Fionnuala: Is fuath liom aimsir an gheimhridh.

Sorcha: B'fhéidir go bhfuil sé fliuch ach níl sé fuar.

Fionnuala: Fan go bhfeice tú.

Sorcha: Cad a tharlóidh?

Fionnuala: Amárach séidfídh gaoth fheannaideach fhuar aduaidh.

Sorcha: Beimid go léir préachta.

Fionnuala: Ní amháin sin ach deir réamhaisnéis na haimsire go mbeidh baol sneachta ann.

Sorcha: Fanfaidh mé sa bhaile amárach.

Fionnuala: Is cuma liom, beidh mise ag dul ar scoil. Slán leat.

Sorcha: Slán agat.

### **Cuid D**

#### **Píosa a haon**

Beidh turas don Iodáil ag fágáil an ionad pobail ag a seacht ar an Aoine. Baileoidh bus na paisinéirí ann. Rachaidh sé díreach chuig an t-aerfort. Turas seachtaine a bheidh ann. Chífídh siad

an Róimh, an Vatacán agus cathair Phompei. Deirtear go mbeidh an aimsir measartha te, thart ar fiche chéim Celsius.

### **Píosa a dó**

Tá post páirtaimseartha le fáil le TG4 mar fhear nó bhean na haimsire. Caithfidh an t-iarratasóir a bheith líofa sa Ghaeilge. Ní theastaíonn eolas cuimsitheach ar an aimsir ón té a cheapfar. Cuirfear traenáil ar fáil don láithreoir. Is é an séú lá déag de mhí na Samhna an spriocdháta do na hiarrtais.

### **Píosa a trí**

Osclóidh an comhlacht turasóireachta, Muir Thaistil Teo, seirbhís nua an Domhnach seo chugainn. Tosóidh bád ag dul ó ché Ros a Mhíl go Cill Rónáin. Beidh dhá thuras laethúil ann. Ní féidir leis an mbád seoladh i rith drochaimsire. Cosnaíonn an turas daichead euro an duine. Beidh lacáiste fiche fán gcéad do scoláirí agus pinsinéirí.